

Foras Taighde ar Oideachas
Educational Research Centre

# Tuarascáil Bhliantúil

2023

**Educational Research Centre**
DCU St Patrick's College Campus,
Drumcondra,
Dublin 9, D09 AN2F

Telephone +353 1 8373789
Email info@erc.ie
Website www.erc.ie
X (Twitter) @ERC_irl

**Foras Taighde ar Oideachas**
DCU Campas Coláiste Phádraig
Droim Conrach
Baile Átha Cliath 9 D09 AN2F

Fón 353 1 8373789
Ríomhphost info@erc.ie
Gréasán www.erc.ie
X(Twitter) @ERC_irl

# Clár

Acrainmneacha agus giorrúcháin ..... 4

Brollach ..... 6

Réamhfhocal ..... 8

..... 10

Forléargas ar an FTO ..... 11

Réamhrá ..... 11

Forléargas ar Phlean Straitéiseach an FTO 2022-2024 ..... 12

Struchtúr Eagrúcháin ..... 13

Figiúr 1: Cairt Eagrúcháin – 2023 ..... 0

Forléargas ar obair an FTO in 2023 ..... 1

Réamhrá ..... 1

Measúnuithe Idirnáisiúnta agus Náisiúnta ..... 1

PISA 2022 ..... 1

TIMSS 2023 ..... 3

PIRLS 2021 ..... 3

NAMER 2021 ..... 4

Meastóireacht agus Tacaíocht Clár ..... 6

Míbhuntáiste Oideachasúil agus Cuimsiú Sóisialta ..... 6

Meastóireacht ar an gcreat um Fhoghlaim Ghairmiúil Múinteoirí (FGM) ..... 7

Meastóireacht ar an gCreat Foghlama Digití (CFD) ..... 7

Samhail Leithdháilte Oideachais Speisialta ..... 8

Taighde tionscanta go neamhspleách ..... 9

Páipéir Phiarmheasúnaithe, Caibidlí Leabhar, agus Cuir i Láthair Comhdhála ..... 9

Irish Journal of Education – Eagráin 46 agus 47 ........ 9
Tacú le Taighde agus Oideachas Foirne ........ 9
Tástáil Chaighdeánaithe – Forbairt agus Tacaíocht ........ 10
Forbairt Trialacha ........ 10
Tástáil Ar Líne – ERC DOTS ........ 11
Tacaíochtaí do scoileanna ........ 11
Forbairtí Eagraíochtúla ........ 12
Rialachas ........ 12
Cumarsáid & Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara ........ 12
Faisnéis Teicneolaíochta ........ 12
Acmhainní Daonna ........ 12
Rialachas Sonraí ........ 13
Plean Straitéiseach 2022-24 – Athbhreithniú ar Ghníomhaíochtaí ........ 14
Rialachas ........ 18
An Bord Rialaithe ........ 18
An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) ........ 19
Nochtadh Airgeadais ........ 20
Tuarascáil ar Nochtadh Cosanta ........ 25
Ráiteas Airgeadais agus Ráiteas ar Rialú Inmheánach ........ 26

# Acrainmneacha agus giorrúcháin

| | |
|---|---|
| CIR (ARC) | An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca |
| ARC&C (C&AG) | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste |
| POF (CEO) | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin |
| FGL (CPD) | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| CCRCS (COPGSB) | Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit |
| LAB (CPU) | An Láraonad Beartais |
| POS (CSO) | An Phríomh-Oifig Staidrimh |
| CCS (DPC) | An Coimisinéir Cosanta Sonraí |
| OCBÁC (DCU) | Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath |
| DEIS (DEIS) | Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna |
| ROS (DES) | An Roinn Oideachais agus Scileanna |
| CFD (DLF) | Creat Foghlama Digití |
| RO (DoE) | An Roinn Oideachais |
| DOTS (DOTS) | Córas Tástála Ar Líne Dhroim Conrach |
| MTCS (DPIA) | Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí |
| BTB (EAL) | Béarla mar Theanga Breise |
| CÉC (EDI) | Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú |
| LEE (EEA) | Limistéar Eorpach Eacnamaíoch |
| FTO (ERC) | An Foras Taighde ar Oideachas |
| AE (EU) | Aontas Eorpach |
| RGCS (GDPR) | Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí |
| BPI (GPG) | Bearna Pá Inscne |
| SASG (GSRS) | An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta |
| AOF (HEO) | Ardoifigeach Feidhmiúcháin |
| AD (HR) | Acmhainní Daonna |
| IEA (IEA) | An Cumann Idirnáisiúnta um Measúnú Gnóthachtála Oideachais |
| IJE (IJE) | Irish Journal of Education |
| CIT (IRC) | Comhdháil Idirnáisiúnta Taighde |
| TF(IT) / TFC(ICT) | Teicneolaíocht Faisnéise / Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| CLÉ (LAI) | Cumann Litearthachta na hÉireann |
| MMS (LSA) | Measúnú ar Mhórscála |
| MDLI-G | Measúnú agus Diagnóisic Litearthachta don Iar-bhunscoil Ghaeilge |
| NAMER | Measúnuithe Náisiúnta ar Mhatamaitic agus Léitheoireacht Bhéarla |
| CNCM (NCCA) | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta |
| CNOS (NCSE) | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta |
| SNSO (NEPS) | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais |
| ATO (OLA) | Acht na dTeangacha Oifigiúla |

| | |
|---|---|
| ECFE (OECD) | An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta |
| CSF (PDA) | Comhaontú Seachadta Feidhmíochta |
| SFGM (PDST) | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí |
| CMIIA (PIAAC) | An Clár um Measúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Aosach |
| PIRLS (PIRLS) | Staidéar Idirnáisiúnta ar Dhul Chun Cinn sa Litearthacht Léitheoireachta |
| PISA (PISA) | Clár Measúnaithe Idirnáisiúnta Scoláirí |
| PO (PO) | Príomhoifigeach |
| PPADe (PPADe) | Measúnú agus Diagnóis Iar-bhunscoile – Béarla |
| P-Tech (P-Tech) | Conairí sa Teicneolaíocht |
| TaGP (RoPA) | Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála |
| EFT (RPO) | Eagraíochtaí Feidhmíochta Taighde |
| SCoTENS (SCoTENS) | An Chomhdháil Sheasta ar Oideachas Múinteoirí, Thuaidh agus Theas |
| CSS (SEC) | Coimisiún na Scrúduithe Stáit |
| RSO (SEN) | Riachtanas Speisialta Oideachais |
| SSE (SES) | Stádas Socheacnamaíoch |
| IR (SI) | Ionstraim Reachtúil |
| RRI (SIC) | Ráiteas ar Rialú Inmheánach |
| CCS (SPD) | Conradh Cuspóir Sonraithe |
| SPSS (SPSS) | Pacáiste Staidrimh do na hEolaíochtaí Sóisialta |
| TEG | Teastas Eorpach na Gaeilge |
| TGD-G | Triail Ghaeilge Dhroim Conrach do Bhunscoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaeilge |
| TIMSS (TIMSS) | Treochtaí i Staidéar Idirnáisiúnta Matamaitice agus Eolaíochta |
| FGM (TPL) | Foghlaim Ghairmiúil an Mhúinteora |
| OL (UL) | Ollscoil Luimnigh |

# Brollach

**Réamhrá an Chathaoirligh ar Thuarascáil Bhliantúil an Fhorais Taighde ar Oideachas 2023**

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil an Fhorais Taighde ar Oideachas (FTO) don bhliain 2023 a chur i láthair. Ba í an bhliain seo caite lárphointe sheachadadh an Phlean Straitéisigh 2022-2024 agus sa bhliain sin a ceapadh ár bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin nua, an Dochtúir John Regan. Mar sin, ba bhliain fáis, machnaimh agus oiriúnaithe a bhí ann, agus sinn ag leanúint lenár sainordú a chomhlíonadh maidir le taighde oideachais ardchaighdeáin agus meastóireacht clár agus seirbhísí measúnaithe a sholáthar do scoileanna. Tá sé mar aidhm againn thar aon rud eile ionchur a bheith againn in eispéireas foghlama dhaltaí a fheabhsú agus bonn láidir fianaise a sholáthar chun tacú le pleanáil oideachasóirí agus lucht déanta beartas araon.

In 2023, rinne an FTO dul chun cinn suntasach i roinnt príomhréimsí. Tháinig méadú ar raon feidhme agus ar thionchar ár dtionscadail taighde, agus sinn ag tabhairt aghaidh ar shaincheisteanna oideachais náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Riaramar mórshuirbhé idirnáisiúnta ar ghnóthachtáil sa mhatamaitic agus san eolaíocht (TIMSS) go luath in 2023 agus táimid ag tnúth le foilsiú thorthaí an tsuirbhé sin in 2024. D'fhoilsíomar an tuarascáil ar thorthaí shuirbhé PISA a rinneadh in 2022, a bhfuil achoimre ar na torthaí in áit eile sa tuarascáil seo. I mbliana freisin, foilsíodh torthaí na suirbhéanna náisiúnta ar ghnóthachtáil sa léitheoireacht Bhéarla agus sa mhatamaitic agus ar an gClár um Staidéar Idirnáisiúnta ar Dhul Chun Cinn sa Litearthacht Léitheoireachta (PIRLS).

Chun na suirbhéanna mórscála seo a chur i bhfeidhm go rathúil, ní mór don FTO daonchumhachta agus acmhainní suntasacha a thabhairt le chéile agus a chomhordú le tacaíochtaí teicneolaíochta faisnéise seachfhoinsithe. Ina theannta sin, bítear ag brath ar iarrachtaí na mílte dalta a ghlacann páirt sna suirbhéanna le cead óna dtuismitheoirí. Táimid faoi chomaoin acu siúd uile a bhí páirteach as a gcuid iarrachtaí agus go háirithe na príomhoidí agus na múinteoirí a éascaíonn agus a thacaíonn leis an taighde seo ina scoileanna.

Leanamar ag díriú ar mheastóireacht clár i réimsí mar fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí, foghlaim dhigiteach agus éifeachtacht straitéisí oideolaíocha éagsúla, agus é mar aidhm i gcónaí bonn eolais a chur faoi pholasaí agus cleachtas a fheabhsú i scoileanna ar fud na tíre. Thuairiscíomar ar thorthaí suirbhéanna ó scoileanna uirbeacha chun eolas a sholáthar do chlár DEIS na Roinne Oideachais do scoileanna a fhreastalaíonn ar cheantair faoi mhíbhuntáiste oideachais agus chuir ár bhfoireann DEIS le grúpaí comhairleacha agus teicniúla na Roinne.

Ceann de mhóréachtaí na bliana ba ea seoladh uirlisí measúnaithe nua, lena n-áirítear trialacha scagtha agus diagnóiseacha ar an luathlitearthacht agus luathuimhearthacht do bhunscoileanna agus leagan Gaeilge dár dtriail mheasúnaithe agus dhiagnóiseach don litearthacht do dhaltaí iar-bhunscoile. Tá na huirlisí seo á bhforbairt agus á mbeachtú mar fhreagairt ar athruithe leanúnacha sa tírdhreach oideachais. Is mór againn tairbhe an chomhoibrithe le comhghleacaithe sna Seirbhísí Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais i bhforbairt tástálacha don earnáil iar-bhunoideachais.

Ní bheadh aon cheann de na héachtaí sin indéanta gan tiomantas agus saineolas fhoireann an FTO. Cinntíonn a dtiomantas do thaighde críochnúil, do cruthaitheacht agus do comhoibriú go bhfanaimid chun tosaigh sa nuálaíocht oideachais. Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas a ghabháil leis an Roinn Oideachais, lenár gcomhpháirtithe in earnáil an oideachais agus leis an bpobal i gcoitinne, a raibh a dtacaíocht thar a bheith luachmhar chun ár misean a chur chun cinn.

Agus sinn ag dréim leis an mbliain seo chugainn, táimid airdeallach ar na dúshláin atá romhainn go fóill. Beidh gá le foireann taighde bhreise chun clár uaillmhianach d'fhorbairt trialacha agus d'obair thaighde a fhorás. Táimid tiomanta do raon iomlán seirbhísí measúnaithe a sholáthar do scoileanna a chuireann oideachas trí mheán na Gaeilge ar fáil agus sáróimid an dúshlán a bhaineann le foireann a bhfuil saineolas Gaeilge acu a earcú chun an cuspóir sin a bhaint amach. Tá réaltachtaí nua an domhain iar-phaindéimeach ag teacht chun cinn i gcónaí don earnáil oideachais, ach táim muiníneach go bhfuil an FTO ullamh chun tabhairt faoi na dúshláin sin. Leanfaimid de bheith ag díriú ar thaighde a sholáthar a bheidh láidir go hacadúil ach a bheidh bainteach go díreach freisin le riachtanais na bhfoghlaimeoirí agus na n-oideoirí.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a raibh ionchur acu in obair an FTO le bliain anuas. D'éirigh an Dr Denise Burns as an mbord tar éis beagnach seacht mbliana de sheirbhís thiomanta, lena n-áirítear tréimhse dhá bhliain nach mór nuair a bhí sí ina Cathaoirleach Gníomhach. Táim faoi chomaoin ag mo chomhbhaill boird, an tOllamh Michael Martin, agus an Dr Sharon Feeney as a gcuid saineolais agus treorach ar son an FTO i rith na bliana agus fáiltím go croíúil roimh an Dr Eilis Broderick a tháinig ar an mbord le déanaí. Chinntigh an tUasal Damien Downes, rúnaí an bhoird, gur éirigh go réidh agus go héifeachtach le cruinnithe an bhoird i rith na bliana agus is mór againn freisin maoirseacht fhóiréinseach agus comhairle luachmhar an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, faoi chathaoirleacht an Uasail Ray Mooney. Mar fhocal scoir, táimid thar a bheith buíoch don Dr Aidan Clerkin a ghlac ceannasaíocht go cumasach ar obair an FTO ar feadh formhór na bliana agus é ina Phríomhfheidhmeannach gníomhach. I dteannta a chéile, tá dul chun cinn fiúntach á dhéanamh againn i dtreo córas oideachais níos cothroime, níos cuimsithí agus níos éifeachtaí. Táim ag tnúth le fás agus tionchar leanúnach an Fhorais sna blianta atá romhainn amach.

Edward Murtagh
Cathaoirleach
An Foras Taighde ar Oideachas
Deireadh Fómhair 2024

# Réamhfhocal

**Réamhfhocal an Phríomhfheidhmeannaigh ar Thuarascáil Bhliantúil an Fhorais Taighde ar Oideachas 2023**

Tá sé de phribhléid agam Tuarascáil Bhliantúil 2023 an Fhorais Taighde ar Oideachas (FTO) a chur i láthair. Tá éachtaí suntasacha bainte amach i mbliana a léiríonn ról leanúnach an FTO i múnlú tírdhreach oideachais na hÉireann. Tá ár gcuid oibre, atá bunaithe ar thaighde agus sonraí críochnúla, tar éis léargais ríthábhachtacha a sholáthar chun tacú le forbairt beartas agus cleachtas a fheabhsaíonn an t-oideachas do gach foghlaimeoir.

Tá athruithe móra ag tarlú i gcónaí san earnáil oideachais in Éirinn, atá á dtiomáint ag dul chun cinn sa teicneolaíocht, éagsúlacht mhéadaithe laistigh dár bpobal daltaí, agus cuir chuige oideolaíocha atá ag teacht chun cinn. Leanann an FTO ar thús cadhnaíochta na n-athruithe seo, ag déanamh taighde a thugann aghaidh ar dhúshláin reatha agus ar riachtanais éiritheacha ár gcóras oideachais. Le linn an ama seo, chloígh an Foras go diongbháilte lena ról maidir le léargais fhianaise-bhunaithe a sholáthar a chruthaíonn bonn eolais do bheartas agus do chleachtas.

In 2023, bhain an Foras roinnt garspriocanna tábhachtacha amach:

1. **Measúnuithe agus Tionchar Beartais:** Bhí cur i gcrích measúnuithe náisiúnta agus idirnáisiúnta ar cheann dár gcroí-réimsí oibre i mbliana, lena n-áirítear an Clár Measúnaithe Idirnáisiúnta Scoláirí (PISA), an Staidéar Idirnáisiúnta ar Dhul Chun Cinn sa Litearthacht Léitheoireachta (PIRLS), na Treochtaí i Staidéar Idirnáisiúnta Matamaitice agus Eolaíochta (TIMSS) agus Measúnuithe Náisiúnta ar Mhatamaitic agus ar Léitheoireacht Bhéarla (NAMER). Chuir na staidéir seo sonraí ríthábhachtacha ar fáil chun treoir a thabhairt do straitéisí náisiúnta oideachais, plé beartais ar litearthacht, uimhearthacht agus feidhmíocht daltaí a mhúnlú.
2. **Meastóireacht agus Tacaíocht Clár:** Leanamar ag tacú leis an Roinn Oideachais maidir le meastóireacht agus anailís clár, lena n-áirítear meastóireacht leanúnach ar an gClár DEIS, meastóireacht ar chreat Foghlama Gairmiúla Múinteoirí (FGM), meastóireacht ar an gCreat Foghlama Digití (CFD) agus meastóireacht ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (SASG).
3. **Forbairt na dTrialacha:** Is iad 'Trialacha Droim Conrach' an FTO príomh thrialacha caighdeánaithe na hÉireann, a úsáidtear i scoileanna ar fud na tíre. Baineann na trialacha leas as taithí 40 bliain an FTO maidir le trialacha a fhorbairt, agus cuireann siad faisnéis iontaofa taighde-bhunaithe ar fáil do scoileanna. Tá tús curtha againn anois le céim ilbhliantúil nua d'fhorbairt trialacha le béim faoi leith ar fheabhas a chur ar ár soláthar measúnaithe Gaeilge do leanaí i scoileanna atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge.
4. **Rialachas & Tacaíocht Chorparáideach**: Le linn 2023 leanamar lenár gcleachtais agus ár n-oibríochtaí a athbhreithniú agus a leasú, de réir dea-chleachtais agus ceanglais dlí/rialachais.

Chuir an Foras tús le plean meántéarmach fórsa oibre a fhorbairt chun príomhfheidhmeanna corparáideacha, oibriúcháin agus taighde a fheabhsú.

Is léiriú iad na héachtaí atá leagtha amach sa tuarascáil seo ar thiomantas, saineolas agus díograis fhoireann agus taighdeoirí an FTO. Ag féachaint chun cinn, tá an FTO tiomanta i gcónaí do thaighde láidir oideachais a dhéanamh agus tacaíochtaí measúnaithe iontaofa a fhorbairt do scoileanna, a sholáthraíonn léargais ardcháilíochta a mbíonn tionchar acu agus ar féidir leo bonn eolais a chur faoi bheartas agus cleachtas oideachais agus iad a mhúnlú.

Mar Phríomhfheidhmeannach nua ó mhí na Samhna 2023, táim go mór faoi chomaoin ag an bPríomhfheidhmeannach Eatramhach, an Dr Aidan Clerkin, as a cheannaireacht thar cionn ar an bhForas in 2022 agus 2023. Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le Bord an Fhorais agus foireann thiomanta an FTO, a mbíonn a saineolas agus a dtiomantas mar spreagadh i gcónaí do rath an Fhorais.

Thar ceann an FTO, gabhaimid buíochas freisin leis an Roinn Oideachais agus lenár gcomhpháirtithe iomadúla as a gcomhoibriú agus a dtacaíocht leanúnach. I dteannta a chéile, tá tionchar marthanach ag ár gcuid oibre ar an oideachas in Éirinn agus níos faide i gcéin.



________________________________

John Regan
Príomhfheidhmeannach

# Infographic

# Forléargas ar an FTO

## Réamhrá

Tá cáil go hidirnáisiúnta ar an bhForas Taighde Oideachais (FTO) mar ionad sármhaitheasa taighde, measúnaithe agus meastóireachta san oideachas. Cé gur bunaíodh an FTO i 1966 i gColáiste Phádraig Droim Conrach, níor bunaíodh é mar chomhlacht reachtúil go dtí mí Mheán Fómhair 2015, faoi Alt 54 den Acht Oideachais, 1998[1].

Threoraigh Plean Straitéiseach 2022-2024 agus reachtaíocht bunaíochta an FTO a chuid oibre in 2023. Déanann an tOrdú Bunaithe (IR 392 de 2015) idirdhealú idir dhá chuspóir an Fhorais:

- Seirbhís tacaíochta measúnaithe a sholáthar do scoileanna agus do lárionaid oideachais.
- Taighde neamhspleách a dhéanamh, arna choimisiúnú agus arna thionscnamh ag an bhForas féin, ar gach gné den oideachas agus ag gach leibhéal den chóras oideachais.

Sonraíonn an tOrdú Bunaithe (Airteagail 8 agus 9) liosta neamh-uileghabhálach gníomhaíochtaí atá ag teacht le cur chun cinn chuspóirí fheidhm an FTO:

1. Cur ar chumas scoileanna leibhéil ghnóthachtála agus caighdeáin acadúla daltaí a mheas mar a cheanglaítear faoi Alt 9(k) den Acht Oideachais, 1998
2. Cur ar chumas scoileanna tuairisciú go córasach ar leibhéil ghnóthachtála agus caighdeáin acadúla daltaí a thuairisciú do thuismitheoirí, do dhaltaí, do bhoird bhainistíochta, don Aire Oideachais agus do dhaoine eile
3. Cabhrú le scoileanna sainriachtanais oideachais daltaí aonair a aithint
4. Comhairle a sholáthar do scoileanna agus do lárionaid oideachais ar mheasúnú leibhéil ghnóthachtála agus caighdeáin acadúla daltaí
5. Measúnachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a dhéanamh ar leibhéil ghnóthachtála agus ar ghnóthachtáil acadúil daltaí agus tuairisciú don Aire ar mheasúnachtaí dá leithéid sin
6. Faisnéis ar leibhéil ghnóthachtála agus caighdeáin acadúla daltaí i scoileanna agus i lárionaid oideachais in Éirinn a chothabháil, a stóráil go slán agus a fhoilsiú
7. Páirt a ghlacadh i meastóireacht ar chláir agus ar ghníomhaíochtaí oideachais
8. Taighde a thionscnamh agus a dhéanamh atá ag teacht le cuspóirí an Fhorais, agus torthaí an taighde seo a fhoilsiú agus a scaipeadh
9. Acmhainn a fhorbairt le haghaidh measúnaithe agus taighde oideachais in Éirinn trí fhoráil d'fhorbairt ghairmiúil fhoireann an Fhorais agus trí oiliúint agus comhairle a sholáthar do dhaoine eile ina réimsí inniúlachta
10. Freastal ar chomhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ábhartha don Fhoras
11. Comhoibriú le comhlachtaí eile, mar is cuí, i staidéir thaighde, mheasúnaithe agus mheastóireachta agus i scaipeadh torthaí a bhaineann le taighde, le measúnú agus le meastóireacht
12. Seirbhísí sainchomhairle a sholáthar
13. Comhoibriú le comhlachtaí eile, de réir mar is cuí

[1] Ionstraim Reachtúil (IR 392 de 2015).

Is léiriú é fairsinge ghníomhaíochtaí na heagraíochta ar an iliomad snáitheanna oibre agus comhoibrithe a chaithfidh a bheith ann idir an FTO agus sraitheanna éagsúla den chóras oideachais. Ina measc tá cur ar chumas scoileanna leibhéil ghnóthachtála agus caighdeáin acadúla daltaí a mheas agus tuairisciú go córasach orthu sin; cabhrú le scoileanna sainriachtanais oideachais daltaí aonair a aithint; measúnuithe náisiúnta agus idirnáisiúnta a dhéanamh ar ghnóthachtáil oideachais agus na sonraí sin a stóráil agus a thuairisciú go sábháilte; páirt a ghlacadh i meastóireachtaí clár; taighde neamhspleách (féin-thionscanta) a dhéanamh; acmhainn a thógáil; freastal ar chomhlachtaí comhairleacha náisiúnta agus idirnáisiúnta; seirbhísí comhairliúcháin a sholáthar; agus comhoibriú le comhlachtaí eile de réir mar is cuí.

Clúdaíonn an tuarascáil seo, atá á cur faoi bhráid an Aire Oideachais ag Bord an Fhorais de réir Alt 52 den Ordú Bunaithe, an bhliain 2023.

## Forléargas ar Phlean Straitéiseach an FTO 2022-2024

I mí an Mhárta 2022, d'fhoilsigh an FTO a Phlean Straitéiseach, a chlúdaíonn an tréimhse 2022 – 2024. Forbraíodh an plean i gcomhairle leis an bhfoireann, Bord an FTO, an Roinn Oideachais (RO) agus a gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara seachtracha eile.

Cuireann an Plean Straitéiseach a fheidhmeanna agus a chuspóirí in iúl i bhfoirm Fís Straitéiseach an FTO: *sármhaitheas maidir le taighde, meastóireacht agus measúnú oideachais a dhéanamh agus a thacú*.

Tá trí chuid i Misean an FTO:

> *Taighde, measúnú agus staidéir mheastóireachta náisiúnta agus idirnáisiúnta, coimisiúnaithe agus ginte go neamhspleách, a bhíonn tráthúil, so-aimsithe agus ábhartha, ar gach gné den oideachas agus ag gach leibhéal den chóras oideachais, a dhéanamh agus a scaipeadh;*
>
> *Measúnuithe ardcháilíochta a fhorbairt agus seirbhísí tacaíochta láidre don mheasúnú a sholáthar do scoileanna agus do lárionaid oideachais; agus*
>
> *Comhoibriú le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun foghlaim a roinnt agus chun acmhainn agus saineolas a fhorbairt i ngach ceann de na réimsí thuasluaite.*

Tá ár gcuid oibre treoraithe ag sé phríomhluach:

- *ardluach ar cháilíocht, ábharthacht, inrochtaineacht agus tionchar ár gcuid oibre;*
- *ardluach ar iontaoibh agus muinín an phobail ionainn;*
- *ardluach agus meas ar fhoghlaimeoirí, tuismitheoirí/caomhnóirí, oideachasóirí agus páirtithe leasmhara, agus ar a chéile;*
- *tábhacht in infheistiú i saineolas, tacaíocht agus folláine na foirne;*
- *tábhacht obair bhuíne, caidrimh agus obair chomhoibríoch;*
- *agus ár dtiomantas do luachanna na seirbhíse poiblí.*

Tá cuspóirí an Phlean Straitéisigh eagraithe de réir na dtrí théama:

*Cobhsú chun solúbthacht a fháil don timpeallacht oibre; don timpeallacht fhisiceach agus don bhonneagar; agus do staidéir agus seirbhísí taighde, meastóireachta agus measúnaithe, mar fhreagairt ar dhúshláin acmhainní agus ar phaindéim COVID-19*

*Breisiú, neartú agus feabhsú ar rialachas corparáideach agus comhlíonadh; ar fhorbairt agus seachadadh trialacha; agus ar anailís agus tuairisciú*

*Nuálú a thabhairt chuig táirgí agus seirbhísí; teicneolaíocht, uirlisí agus ionstraimí; agus eolas agus modhanna.*

## Struchtúr Eagrúcháin

Mar a luadh thuas, bunaíodh an FTO in 2015 (IR 392 de 2015) agus tá sé treoraithe ag Bord de chúigear comhaltaí. Ag deireadh na tréimhse tuairiscithe bhí cúigear comhaltaí Boird ag an FTO:

- **Éamonn Ó Muircheartaigh**, **Cathaoirleach**
- **An Dochtúir Sharon Feeney, Leas-Chathaoirleach**
- **An tOllamh Michael Martin**
- **Paula Fyans**
- **An Dochtúir Eilish Broderick**

Tá an Bord freagrach as treo straitéiseach an FTO. Tarmligeann an Bord freagracht oibriúcháin as reáchtáil laethúil an FTO chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF), an Dr John Regan, agus Foireann Bainistíochta an FTO. Faigheann an Bord tuairiscí rialta ó Fhoireann Bainistíochta an FTO agus coinníonn sé é féin suas chun dáta maidir le saincheisteanna straitéiseacha agus athruithe a théann i bhfeidhm ar an FTO agus ar an timpeallacht ina bhfeidhmíonn sé.

I mí na Nollag 2023, bhí faomhadh ag an FTO do 55.5 ball foirne coibhéiseach lánaimseartha.

Léirítear struchtúr na heagraíochta sa Chairt i bhFíor 1. Tá ceithre fhoireann san FTO – taighde, forbairt tástála, oibríochtaí taighde agus seirbhísí corparáideacha. Tá an struchtúr bunaithe ar fhoirne trasfheidhmeacha a oibríonn ar thaighde agus ar thionscadail chorparáideacha mar atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach an FTO 2022-2024.

# Figiúr 1: Cairt Eagrúcháin – 2023



# Forléargas ar an obair

# Forléargas ar obair an FTO in 2023

## Réamhrá

Is féidir gníomhaíochtaí taighde an FTO a chatagóiriú i roinnt snáitheanna:

1. Measúnuithe Idirnáisiúnta agus Náisiúnta ar mhórscála
2. Meastóireacht agus Tacaíocht Clár
3. Taighde a tionscnaítear go neamhspleách
4. Tástáil Chaighdeánaithe – forbairt agus tacaíocht

Is thar ceann na Roinne Oideachais a dhéantar an chuid is mó den taighde atá idir lámha faoi láthair. Is féidir staidéir eile a dhéanamh thar ceann ghníomhaireachtaí na Roinne, mar an CNCM, CSS, nó CNOS, nó i gcomhar le heagraíochtaí agus daoine aonair eile – mar shampla, comhoibriú le déanaí leis an SNSO agus le comhghleacaithe in institiúidí ardoideachais, i measc daoine eile. Ina theannta sin, cuireann an FTO tús lena shnáitheanna taighde neamhspleácha, lena n-áirítear tacú leis an bhfoireann tabhairt faoi staidéir taighde PhD agus tionscadail neamhspleácha taighde eile. Tá ár n-aonad rialachais agus seirbhísí corparáideacha mar bhonn lenár n-obair forbartha taighde agus tástála go léir.

Tá forléargas sa chuid seo ar ár ngníomhaíochtaí agus ár n-aschur in 2023, le hachoimrí gairide ar thionscadail mhóra taighde. Tá tuilleadh sonraí faoin taighde agus na taighdeoirí a bhí páirteach ar fáil ar shuíomh gréasáin an FTO (www.erc.ie).

## Measúnuithe Idirnáisiúnta agus Náisiúnta

### *PISA 2022*

Is tionscnamh de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) é an Clár Measúnaithe Idirnáisiúnta Scoláirí (PISA). Tá an staidéar seo ar an staidéar idirnáisiúnta is mó ar oideachas, ina scrúdaítear gnóthachtálacha léitheoireachta, matamaitice agus eolaíochta na ndaltaí agus iad ag druidim i dtreo dheireadh na scolaíochta éigeantach (aois 15 agus 16). Bailíonn PISA sonraí comhthéacsúla freisin ó dhaltaí, ó phríomhoidí scoile, agus dá rogha féin, ó mhúinteoirí agus ó thuismitheoirí. Thosaigh PISA i 2000 agus déantar é gach trí bliana. Cuireadh as do ghnáthphatrún thimthriall PISA sa tréimhse seo, toisc gur cuireadh moill bliana go dtí 2022 ar thástáil an Phríomhstaidéir a bhí pleanáilte mar gheall ar chuir isteach a bhain leis an bpaindéim COVID-19. Bhí Éire rannpháirteach i ngach timthriall de PISA ó 2000 i leith agus, ag tosú sa bhliain 2006, tá an measúnú tar éis aistriú de réir a chéile go formáid ar líne, eispéireas atá níos suimiúla agus níos idirghníomhaí do na daltaí rannpháirteacha.

I mí na Nollag 2023 foilsíodh na torthaí PISA is déanaí a rinneadh in 2022. Déanfar tuairisciú leantach in 2024.

**Achoimre ar PISA 2022**

In 2022 ghlac breis agus 690,000 dalta 15 bliana d'aois in 81 tír/eacnamaíocht páirt i PISA. Ba í an Mhatamaitic mór-réimse an mheasúnaithe in 2022, agus ba iad an eolaíocht agus litearthacht léitheoireachta na mionréimsí measúnaithe, agus bhí Smaointeoireacht Chruthaitheach mar an réimse nuálaíoch.

**Príomhthorthaí**

In PISA 2022, d'fheidhmigh daltaí 15 bliana d'aois in Éirinn os cionn mheán an ECFE sa mhatamaitic, sa litearthacht léitheoireachta agus san eolaíocht. Bhí feidhmíocht dhaltaí na hÉireann sa litearthacht léitheoireachta ar na cinn ab airde ar fud na dtíortha/eacnamaíochta rannpháirteacha go léir agus d'fhan sé amhlaidh ó 2018. Tháinig feabhas suntasach ar mheánfheidhmíocht eolaíochta dhaltaí na hÉireann ó 2018 agus, ar an meán ar fud thíortha an ECFE, d'fhan an fheidhmíocht san eolaíocht mar an gcéanna i rith na tréimhse chéanna. Os a choinne sin, tháinig laghdú ar mheánfheidhmíocht na matamaitice idir 2018 agus 2022, 8 bpointe in Éirinn agus 15 phointe ar an meán ar fud thíortha an ECFE.

In Éirinn, bhí céatadáin faoi bhun an mheáin de dhaltaí ísealfheidhmíochta i ngach ceann de na trí réimse seachas mar a bhí ar an meán ar fud thíortha an ECFE. In ainneoin feidhmíocht a bhí os cionn an mheáin san eolaíocht agus sa mhatamaitic, in Éirinn bhí comhréireanna meánacha nó faoi bhun an mheáin de dhaltaí ardghnóthachtála sna réimsí seo, rud a léiríonn go bhfuil dúshlán ann fós maidir le tacú le daltaí a lánacmhainneacht a uasmhéadú ag na leibhéil inniúlachta is airde sna réimsí seo.

In 2022, in éineacht le roinnt tíortha go hidirnáisiúnta, níor chomhlíon Éire an ráta freagartha daltaí de 80.0% a bhí á éileamh ag an ECFE. D'aimsigh anailís staitistiúil fianaise ar chlaonadh beag aníos sna meastacháin d'Éirinn agus, dá bhrí sin, ba cheart aon chomparáidí idir na torthaí go léir d'Éirinn in 2022 agus timthriallta roimhe sin a léirmhíniú agus an claonadh sin á chur san áireamh.

**Tuairisciú amach anseo**

Cuirfear tús le tuairisciú téamach ar PISA 2022 le tuairisc ar smaointeoireacht chruthaitheach atá le foilsiú in 2024. Chuige seo, baintear leas as tuairiscí daltaí, tuismitheoirí agus príomhoidí ar thuairimí agus ar dhearcthaí maidir le cruthaitheacht agus smaointeoireacht chruthaitheach, timpeallachtaí a thacaíonn le cruthaitheacht, agus rannpháirtíocht daltaí i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha laistigh agus lasmuigh de thimpeallacht na scoile.

In 2024, tosófar ar obair ar an tuarascáil téamach matamaitice bunaithe ar shonraí PISA 2022. Déanfar mionscagadh sa tuarascáil ar ghnóthachtáil na matamaitice in Éirinn e agus bainfear leas as na sonraí cúlra a bailíodh sa cheistneoir.

### *TIMSS 2023*

Is tionscadal é TIMSS (Treochtaí i Staidéar Idirnáisiúnta na Matamaitice agus na hEolaíochta) de chuid an Chumainn Idirnáisiúnta um Measúnú ar Ghnóthachtáil Oideachais (IEA), agus tá sé á bhainistiú go hidirnáisiúnta ag an Lárionad Staidéir Idirnáisiúnta i Boston College.

Déanann TIMSS measúnú ar ghnóthachtáil matamaitice agus eolaíochta dhaltaí sa Cheathrú agus/nó san Ochtú grád  (ionann agus Rang a Ceathair agus an Dara Bliain in Éirinn). Reáchtáladh TIMSS den chéad uair i 1995, agus bíonn sé ar siúl gach ceithre bliana. Sa timthriall is déanaí de TIMSS (2023) d'aistrigh Éire chuig measúnú ríomhaire-bhunaithe.

Cuireadh Príomh-Staidéar TIMSS 2023 i gcrích go rathúil in Earrach na bliana 2023. Bhí Éire ar cheann de 70 tír a ghlac páirt in TIMSS 2023, inar tharla an t-aistriú ó thástáil pháipéir-bhunaithe go dtí tástáil dhigiteach in Éirinn. Chun measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go mbeadh aon tionchar modha ann (difríochtaí i bhfeidhmíocht dhaltaí idir tástáil pháipéar-bhunaithe agus tástáil dhigiteach), cuireadh Staidéar Comparáide Náisiúnta i bhfeidhm ag an am céanna leis an bpríomh bhailiúchán sonraí. San iomlán, ghlac 198 bunscoil agus 162 iar-bhunscoil páirt ann, lena n-áirítear os cionn 12,500 dalta ó Rang a Ceathair agus an Dara Bliain mar aon le múinteoirí, príomhoidí, agus tuismitheoirí/caomhnóirí na ndaltaí bunscoile.

Ar mhaithe le riarachán digiteach TIMSS 2023, tógadh 1560 ríomhaire glúine ar cíos le dáileadh ar scoileanna agus tugadh conradh do 22 ball foirne Tacaíochta Teicniúla seachtracha chun cabhrú leis an tástáil. Ar leithligh, fostaíodh 39 Riarthóir Trialacha chun an triail a riar in iar-bhunscoileanna. Ar an iomlán, léiríonn na heispéiris ó TIMSS 2023 gur mó go mór na hacmhainní daonna atá ag teastáil do thástáil dhigiteach chun tacaíocht a sholáthar agus chun an tástáil a bhainistiú i scoileanna.

Foilseofar an tuarascáil tosaigh ar thorthaí TIMSS 2023 i mí na Nollag 2024, agus déanfar tuairisciú tánaisteach ina dhiaidh sin in 2025 agus 2026. Toisc gurbh é TIMSS an measúnú mórscála deireanach chun gnóthachtáil dhaltaí in Éirinn a thomhais roimh Covid-19 (arna riar in Earrach 2019), tabharfaidh na tuarascálacha seo léirithe soiléire ar threochtaí i bhfeidhmíocht na matamaitice agus na heolaíochta do dhaltaí bunscoile agus iar-bhunscoile ó tharla an phaindéim.

Foilseofar torthaí ó TIMSS 2023 ag deireadh na bliana 2024.

### *PIRLS 2021*

Is tionscadal de chuid an IEA é PIRLS (Staidéar Idirnáisiúnta ar Dhul Chun Cinn sa Litearthacht Léitheoireachta) agus tá sé á bhainistiú go hidirnáisiúnta ag an Lárionad Staidéir Idirnáisiúnta i Boston College

Déanann PIRLS measúnú ar ghnóthachtáil léitheoireachta na ndaltaí i ngrád a Ceathair (ionann agus Rang a Ceathair in Éirinn).

Tarlaíonn PIRLS, a thosaigh den chéad uair i 2001, gach cúig bliana. Ghlac Éire páirt i PIRLS den chéad uair in 2011. Tharla an timthriall is déanaí de PIRLS in 2021, tar éis triail allamuigh in earrach na bliana 2020. Mar thoradh ar chuir isteach ar an scolaíocht de bharr na paindéime COVID-19, cuireadh tástáil PIRLS in Éirinn agus i roinnt tíortha eile ar athló go dtí fómhar na bliana 2021 seachas earrach na bliana 2021, agus ba iad daltaí a bhí ag tús Rang a Cúig a ghlac páirt ann.

Foilsíodh torthaí PIRLS 2021 i mí na Bealtaine 2023. Foilseofar tuairisciú leantach in 2024.

| Príomhthorthaí ó *PIRLS 2021: Tuarascáil Tosaigh d'Éirinn* |
|---|
| Tharla PIRLS 2021 le linn COVID-19, ónar eascair dúshláin lóistíochta agus léirmhínithe. Go háirithe, rinne 14 de na 57 tír rannpháirteach, **Éire san áireamh**, PIRLS a riar ar dhaltaí a bhí ag tosú i Rang a Cúig seachas daltaí a bhí ag críochnú i Rang a Ceathair.<br><br>Cé go raibh titim ar ghnóthachtáil sa léitheoireacht idir PIRLS 2016 agus 2021 coitianta go hidirnáisiúnta, bhain Éire meánscór i bhfad níos airde (577) amach ná mar a baineadh amach in 2016 (567) nó in 2011 (552). D'fheidhmigh Éire níos fearr ná gach tír eile seachas Singeapór (a scóráil níos airde) agus Hong Cong (a scóráil mar a chéile). Mar sin féin, baineann foláireamh amháin leis sin: ón bhfianaise atá ar fáil, táimid ag ceapadh gur dócha gur éirigh níos fearr, ar an meán, lenár ndaltaí i Rang a Cúig ná mar a éireodh leo ag deireadh Rang a Ceathair. Dá réir sin, **ní féidir** linn a thuairisciú go cinntitheach gur tháinig feabhas mór ar ghnóthachtáil léitheoireachta na hÉireann idir 2016 agus 2021, nó go bhfuil daltaí in Éirinn níos oilte sa léitheoireacht ná mar atá a bpiaraí i ngach tír eile seachas dhá thír. **Is féidir** linn a rá gur fhan gnóthachtáil léitheoireachta na hÉireann seasmhach ar a laghad ó 2016, agus go bhfuil Éire fós ar cheann de líon beag de thíortha PIRLS a bhfuil gnóthachtáil an-ard acu.<br><br>Bhí raon gnóthachtála na hÉireann níos leithne in 2021 ná mar a bhí in 2016, agus d'fheidhmigh na scoláirí ardghnóthachtála níos fearr ná roimhe sin ach d'fheidhmigh na scoláirí ísealghnóthachtála ar an gcuma chéanna. Thug formhór na dtíortha PIRLS faoi deara go raibh bearna inscne i bhfabhar na gcailíní, ach bhí méid na bearna seo sách beag in Éirinn (11 phointe i gcomparáid le meán idirnáisiúnta de 17 bpointe) agus gan athrú ó 2016. Bhí feidhmíocht dhaltaí i scoileanna DEIS Banda 1 agus Banda 2 go mór agus go suntasach níos ísle ná daltaí i scoileanna neamh-DEIS, agus tháinig méadú beag ach gan a bheith suntasach ar mhéid na mbearnaí seo ó 2016 i leith. Bhí feidhmíocht dhaltaí le stádas socheacnamaíoch (SSE) aonair *níos airde* i bhfad ná daltaí a raibh SSE *meánach* agus *níos ísle* acu (le bearna mhór de 88 pointe do SSE *níos airde* i gcomparáid le SES *níos ísle*). |

### *NAMER 2021*

Rinne an Foras Taighde ar Oideachas (FTO) Measúnachtaí Náisiúnta ar Mhatamaitic agus Léitheoireacht Bhéarla (NAMER) a dhearadh, a chur i bhfeidhm agus a thuairisciú ar iarratas ón Roinn Oideachais.

Baineann NAMER le measúnuithe ar Léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic a riar do dhaltaí Rang a Dó agus Rang a Sé. Soláthraíonn na measúnuithe eolas ar ghnóthachtáil leanaí bunscoile mar ghrúpa sa Léitheoireacht agus sa Mhatamaitic. Cuireann NAMER faisnéis thábhachtach ar fáil do lucht déanta beartas bunscoile in Éirinn. Tá na measúnuithe seo bunaithe ar Bhéarla agus Matamaitice i gCuraclam Bunscoile na hÉireann agus forbraíonn an FTO iad i gcomhar le saineolaithe ábhar agus múinteoirí. Mar aon le gnóthachtáil na ndaltaí ar na measúnuithe a thomhas, bailítear eolas comhthéacsúil trí cheistneoirí a dháileadh ar dhaltaí, ar thuismitheoirí/chaomhnóirí, ar mhúinteoirí agus ar phríomhoidí.

Rinneadh an naoú NAMER, a bhí le tarlú in earrach 2020, a chur siar go dtí 2021 mar thoradh ar phaindéim COVID-19. Foilsíodh Tuarascáil Feidhmíochta NAMER 2021 i mí na Bealtaine 2023.

| Achoimre ar Thorthaí NAMER 2021 |
| --- |
| I NAMER ’21, rinneadh measúnú ar ghnóthachtáil sa léitheoireacht Bhéarla i Rang a Dó agus sa Mhatamaitic i Rang a Sé. Chomh maith leis na trialacha gnóthachtála, bhailigh NAMER ’21 faisnéis chúlra agus chomhthéacsúil ar thimpeallachtaí baile, seomra ranga agus scoile na ndaltaí rannpháirteacha trí cheistneoirí a chomhlíon daltaí, múinteoirí agus príomhoidí. Níor tugadh ceistneoirí do thuismitheoirí ná do chaomhnóirí daltaí ag ceachtar den dá rang mar go ndearnadh coigeartuithe ar NAMER ’21 mar gheall ar an bpaindéim COVID-19.<br><br>Ghlac breis agus 10,000 dalta in 188 bunscoil páirt i NAMER ’21.<br><br>Bhí an fheidhmíocht iomlán ar léitheoireacht i Rang a Dó mórán mar an gcéanna le 2014. Tháinig laghdú beag ar an bhfeidhmíocht idir 2014 agus 2021, ach ní raibh sé suntasach go staitistiúil. Chonacthas patrún comhchosúil i bhfeidhmíocht na ndaltaí sna foscálaí Foclóir agus Tuiscint agus sna foscálaí scileanna próisis Aisghabháil, Tátail agus Léirmhíniú & Comhtháthú; bhí an fheidhmíocht níos ísle in 2021 ná mar a bhí in 2014, ach ní raibh na hathruithe feidhmíochta suntasach go staitistiúil.<br><br>Bhí feidhmíocht fhoriomlán dhaltaí Rang a Sé sa mhatamaitic mórán mar an gcéanna le 2014. Bhí feidhmíocht iomlán na matamaitice in NAMER 2021 níos ísle ná in 2014, ach ní raibh an difríocht suntasach go staitistiúil. Bhí an fheidhmíocht ar gach foscála réimse ábhair (Uimhreas & Ailgéabar, Cruth & Spás, Tomhais, Sonraí) agus foscálaí scileanna próiseála (Tuiscint & Tabhairt Chun Cuimhne, Cur i bhFeidhm, Réasúnaíocht, Comhtháthú & Nascadh, Cur i bhFeidhm & Réiteach Fadhbanna) níos ísle in 2021 i gcomparáid le 2014, ach níor léirigh ach foscála amháin (Cruth & Spás) laghdú suntasach go staitistiúil ar fheidhmíocht thar timthriallta.<br><br>Mar a tharla i dtimthriallta roimhe seo, d'fheidhmigh na cailíní ar an meán ag leibhéal níos airde ná na buachaillí sa mheasúnú ar an léitheoireacht. Bhí na meánscóir níos airde do chailíní, bhí níos mó cailíní ardghnóthachtála ann agus bhí níos mó buachaillí ísealghnóthachtála ann. Ba é an t-aon fhoscála a bhí suntasach go staitistiúil ná an foscála Tátal. |

I matamaitic Rang a Sé, mar a tharla i dtimthriallta roimhe seo, d'fheidhmigh buachaillí ag leibhéal níos airde ná cailíní ar an iomlán agus ar fhoscálaí, bhí an difríocht seo suntasach go staitistiúil ar an triail iomlán agus ar na foscálaí Tomhais & Uimhreas agus Ailgéabar.

Ní raibh aon athrú a bhí suntasach go staitistiúil ar fheidhmíocht dhaltaí ag na leibhéil éagsúla inniúlachta in 2021, i gcomparáid le 2014. Níor baineadh amach na spriocanna feidhmíochta sa léitheoireacht ná sa mhatamaitic a leagadh amach san Athbhreithniú Eatramhach ar an Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú.

## Meastóireacht agus Tacaíocht Clár

### *Míbhuntáiste Oideachasúil agus Cuimsiú Sóisialta*

Ba é príomhfhócas fhoireann DEIS an FTO in 2023 ná torthaí a bhain le DEIS ó NAMER '21 a fhoilsiú. Seoladh dhá thuarascáil a bhain le DEIS – an chéad cheann acu dírithe ar ghnóthachtálacha i scoileanna DEIS Uirbeacha agus an dara ceann dírithe ar chúlraí baile, seomraí ranga agus daltaí.

Nuair a bronnadh stádas DEIS ar scoileanna breise in 2022, bhí deis ann taithí na scoileanna nua sin sa chlár DEIS a ghabháil. Thar ceann an RO in Earrach 2023, riar an FTO suirbhé ar phríomhoidí maidir le pleanáil gníomhaíochta sna scoileanna nua DEIS (tuarascáil le teacht). Chuir an FTO tús freisin le pleanáil do shuirbhé ar scoláirí in iar-bhunscoileanna P-TECH (arna riar in 2024; tuarascáil le teacht).

Lean foireann DEIS an FTO ag obair le hAonad um Chuimsiú Sóisialta na Roinne Oideachais, ag cur le foghrúpaí de réir mar is gá (Grúpa Comhairleach DEIS, Grúpa Teicniúil DEIS agus Grúpa Monatóireachta agus Measúnaithe DEIS).

**Achoimre ar Thuarascáil Comhthéacs NAMER-DEIS**

Rinneadh anailís ar shonraí ceistneoirí príomhoidí, múinteoirí agus daltaí chun comhthéacsanna baile, seomra ranga agus scoile na ndaltaí i scoileanna Uirbeacha DEIS a fhiosrú. Léirigh roinnt torthaí difríochtaí idir an dá chomhthéacs agus i réimsí eile b'ionann na dúshláin a bhí le sonrú sa dá chomhthéacs. Áiríodh iad seo a leanas i measc na gcosúlachtaí idir scoileanna DEIS agus scoileanna neamh-DEIS:

- Thuairiscigh príomhoidí sa dá chomhthéacs leibhéil arda sástachta poist agus leibhéil arda struis.
- Thuairiscigh príomhoidí go raibh deacrachtaí múinteoirí a earcú agus teacht ar mhúinteoirí ionaid cáilithe.
- Bhí fáil go forleathan ar fud chomhthéacsanna scoile ar theicneolaíocht sa bhaile agus thuairiscigh beagnach gach dalta rochtain idirlín sa bhaile.
- Léirigh daltaí Rang a Sé leibhéil arda nascachta lena bpobal scoile.

Maidir le difríochtaí idir scoileanna DEIS agus neamh-DEIS, ba léir go raibh méid na ranganna níos lú i scoileanna DEIS (de réir an bheartais). Ina theannta sin, i gcomparáid le daltaí Uirbeacha

Neamh-DEIS, ba mhó an seans go mbeadh teilifís ina seomra leapa ag daltaí i scoileanna DEIS agus ba mhó seans go mbeadh fón póca dá gcuid féin acu.

Nuair a dhírítear ar thosca a bhaineann le gnóthachtáil léitheoireachta Rang a Dó, bhain meánghnóthachtáil léitheoireachta níos airde le léitheoireacht fóillíochta. Thuairiscigh thart ar an cúigiú cuid de dhaltaí Rang a Dó i scoileanna Uirbeacha Neamh-DEIS agus thart ar aon trian i scoileanna Uirbeacha DEIS nár léigh siad 'riamh' leabhair leo féin le haghaidh fóillíochta. Bhí meánscóir léitheoireachta níos ísle ag na daltaí sin ná daltaí a léann leabhair leo féin le haghaidh fóillíochta 'formhór na laethanta'. I gcás na Matamaitice, bhí meánscór níos airde ag daltaí Rang a Sé i scoileanna DEIS nár labhair Béarla *go hiondúil* ná a bpiaraí a labhair Béarla *níos minice*.

## *Meastóireacht ar an gcreat um Fhoghlaim Ghairmiúil Múinteoirí (FGM)*

### Forléargas

Cuireann an Roinn Oideachais (RO) raon leathan gníomhaíochtaí gairmiúla foghlama ar fáil do mhúinteoirí trí sheirbhísí tacaíochta do mhúinteoirí, Ionaid Oideachais, gníomhaireachtaí RO, agus tionscnaimh eile. Tá sé ríthábhachtach meastóireacht iomlán a dhéanamh ar thionchar na ngníomhaíochtaí gairmiúla foghlama seo chun a chinntiú go bhfuiltear ag freastal go héifeachtach agus go héifeachtúil ar riachtanais mhúinteoirí, scoileanna, dhaltaí agus an RO.

Cuireadh críoch leis an obair ar fhorbairt chreat meastóireachta um Fhoghlaim Ghairmiúil Múinteoirí (FGM) in Éirinn in 2023. Tharla an tionscadal maidir le creat meastóireachta FGM a fhorbairt idir 2018 agus 2023 agus rinne Grúpa Stiúrtha faoi chathaoirleacht na Roinne Oideachais maoirsiú air. Áiríodh sa tionscadal:

- Taighde deasc-bhunaithe, lena n-áirítear athbhreithniú córasach ar chreataí meastóireachta FGM
- Suirbhé ar mhúinteoirí bunscoile, iar-bhunscoile agus múinteoirí scoile speisialta
- Comhairliúchán le soláthraithe agus foghlaimeoirí FGM
- Cás-staidéar ar dheis FGM ar leith
- Creat meastóireachta FGM a fhorbairt agus a fhoilsiú

Is céim thábhachtach é an creat i dtreo gealltanais a chomhlíonadh sa *Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2018* chun gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla múinteoirí a mheas agus a fheabhsú. Tá an foilsiú tráthúil, i bhfianaise seoladh soláthraí comhtháite nua le haghaidh FGM (Oide) i mí Mheán Fómhair 2023.

## *Meastóireacht ar an gCreat Foghlama Digití (CFD)*

Is éard atá i gceist le meastóireacht an FTO ar chur i bhfeidhm an Chreata Foghlama Digití (CFD) ná faisnéis bunlíne a bhailiú ó scoileanna, agus ina dhiaidh sin tar éis dul chun cinn samplaí ionadaíocha

bunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta le suirbhéanna ar fhoirne scoile mar aon le grúpaí fócais foirne scoile agus daltaí, thar thonnta iolracha.

Tá foilsiú thuarascáil Tonn 2 ar mheastóireacht fadaimseartha náisiúnta CFD beartaithe do lár na bliana 2024. Tuarascáil deiridh ón staidéar fadaimseartha a bheidh ann agus leanann sé na tuarascálacha bonnlíne a foilsíodh roimhe seo (Cosgrove et al., 2019) agus Tonn 1 (Feerick et al., 2021). Bhí dearadh an staidéir fadaimseartha bunaithe ar thriail tosaigh a rinneadh in 2017-18 (Cosgrove et al., 2018).

Tharla an bailiú sonraí don tonn deiridh de mheastóireacht CFD, Tonn 2, ar dtús i bhfómhar na bliana 2021, agus leathnaíodh an tréimhse bailiúcháin go luath in 2022 mar iarracht tuilleadh sonraí a ghabháil toisc go raibh na rátaí freagartha íseal ar dtús, b'fhéidir i bpáirt toisc tionchair leanúnacha na paindéime COVID-19. Tá leas bainte sa tuarascáil as roinnt conclúidí maidir le ratha agus dúshláin chur i bhfeidhm an CFD i scoileanna, agus sonraítear roinnt forbairtí suimiúla tar éis an aistrithe chuig an gcianfhoghlaim le linn na paindéime COVID-19. Toisc gurb é seo an tonn deiridh den staidéar fadaimseartha, ní eiseofar tuarascálacha breise mar chuid den mheastóireacht, cé go bhfuil sé beartaithe roinnt tuairiscí téamacha gearra a eisiúint.

### *Measúnú ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (SASG)*

Eascraíonn an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (SASG) as *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* na Roinne Oideachais ar Oideachas Gaeltachta 2017-2022 (ROS, 2016), a bhaineann leas, ar a sheal, as an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* de chuid an Rialtais (Rialtas na hÉireann, 2010). Is é príomhaidhm an Pholasaí ná oideachas ar ardchaighdeán agus ábhartha trí mheán na Gaeilge a sholáthar do dhaoine óga i scoileanna Gaeltachta agus, ar an gcaoi seo, tacaíocht agus spreagadh a thabhairt d'úsáid na Gaeilge i bpobail Ghaeltachta.

Tá an Foras Taighde ar Oideachas ag obair leis an Aonad um Oideachas Gaeltachta chun meastóireacht ilbhliantúil ar an Scéim a chur i bhfeidhm, a thosaigh go luath in 2018. Bhí sé i gceist ar dtús an Scéim a bheith críochnaithe faoi 2022. Mar sin féin, leathnaíodh í go dtí 2024 mar gheall ar an gcur isteach a d'eascair ó COVID-19.

Tá an staidéar fadaimseartha agus úsáidtear modhanna measctha: ceistneoirí suirbhé, measúnú ar ghnóthachtáil agus cás-staidéir. Baineann measúnú le húsáid na n-uirlisí atá ann cheana (iar-bhunscoil) agus forbraítear trialacha nua (bunscoil), lena n-áirítear trialacha cainte agus éisteachta.

Leanadh den obair ar an SASG i rith 2023, lena n-áirítear sonraí gnóthachtála (bunleibhéal agus iar-bhunleibhéal) a bhailiú agus agallaimh le scoileanna. Tá sé i gceist go dtabharfar staidéar SASG an FTO chun críche in 2024.

### *Samhail Leithdháilte Oideachais Speisialta*

Tugadh isteach an tSamhail Leithdháilte do Theagasc Oideachais Speisialta i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna sa scoilbhliain 2017/18.

Cloíonn an tsamhail go dlúth le leagan amach na samhla leithdháilte roimhe seo, ag baint úsáide as faisnéis nuashonraithe ar rollú, líon na ndaltaí a bhfuil feidhmíocht acadúil íseal acu, agus comhthéacs socheacnamaíoch na scoile. Tá an FTO freagrach as foinsí éagsúla sonraí a chomhcheangal agus as an tsamhail leithdháilte acmhainní a reachtú faoi stiúir Ghrúpa Oibre na Roinne Oideachais agus na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS).

## Taighde tionscanta go neamhspleách

## Páipéir Phiarmheasúnaithe, Caibidlí Leabhar, agus Cuir i Láthair Comhdhála

In 2023 d'fhoilsigh ár dtaighdeoirí roinnt páipéar in irisí piarmheasúnaithe, lena n-áirítear *Measúnuithe ar Mhórscála san Oideachas*, *Leadership+*, *Ireland's Education Yearbook*, *Higher Education Quarterly* agus an *Irish Journal of Education*. D'ullmhaigh ár dtaighdeoirí tuarascálacha freisin do chomhlachtaí poiblí eile, lena n-áirítear An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). Is féidir sonraí na bhfoilseachán seo a rochtain ar shuíomh gréasáin an FTO.

Ina theannta sin, chuir ár dtaighdeoirí i láthair roinnt ceardlann, léachtaí, seimineáir agus comhdhálacha ar chuireadh, lena n-áirítear an *Evaluation of Educational Achievement International Research Conference (IEA IRC)* i mBaile Átha Cliath, an chomhdháil ag *Cumann Litearthachta na hÉireann* (CLÉ), agus Ceardlann a bhain le *Trialacha Randamaithe Rialaithe san Oideachas* in OCBÁC, agus aoi-léacht in *Ollscoil Luimnigh*. Tugadh roinnt cur i láthair freisin don Roinn Oideachais agus do chomhlachtaí poiblí gaolmhara.

### *Irish Journal of Education – Eagráin 46 agus 47*

Tá an FTO ag foilsiú an Irish Journal of Education go leanúnach mar irisleabhar le rochtain oscailte piarmheasúnaithe, i bhformáid ar líne. Foilsítear ailt ar bhonn rollach, seachas in imleabhar amháin. Ba é seo a leanas an Bord Eagarthóireachta d'Imleabhair 46 agus 47 in 2023:

*Eagarthóir*: Dr Mary Lewis
*Eagarthóirí Cúnta*: Dr Aidan Clerkin, Dr Emer Delaney, Dr Vasiliki Pitsia

I mí na Nollag 2023 d'fhoilsigh Irish Journal of Education an FTO Eagrán Speisialta "Teachers as Researchers: A Cross-Border Collaboration on the Island of Ireland" ina raibh rogha alt taighde rochtana oscailte, ardcháilíochta, cleachtóirí-treoraithe ó An Chomhdháil Sheasta ar Oideachas Múinteoirí, Thuaidh agus Theas (SCoTENS). Tugann na hailt san Eagrán Speisialta seo, a chlúdaíonn réimse ábhar agus modheolaíochtaí éagsúla, cuid acu ag díriú ar thorthaí eimpíreacha a chur i láthair agus cuid eile ag glacadh le cur chuige níos machnamhaí, léargais do léitheoirí ar fud oileán na hÉireann, agus níos faide i gcéin.

### *Tacú le Taighde agus Oideachas Foirne*

Is saineolaithe iad ár dtaighdeoirí ina réimse agus tá siad tiomanta do thaighde a dhéanamh a chomhlíonann na caighdeáin eiticiúla agus acadúla is airde. Leanaimid de bheith ag infheistiú i

bhforbairt foirne trí chláir oiliúna, ceardlanna, comhdhálacha agus deiseanna chun scileanna agus forbairt gairme a fhorbairt. Leanamar ag tabhairt tacaíochta don fhoireann atá ag gabháil do chúrsaí oiliúna breisoideachais agus forbartha gairmiúla.

## Tástáil Chaighdeánaithe – Forbairt agus Tacaíocht

Is trialacha caighdeánaithe iad trialacha Dhroim Conrach, ar a dtugtar na "Drumcondras" go minic, a d'fhorbair an FTO chun gnóthachtáil daltaí sa léitheoireacht Bhéarla, sa Mhatamaitic, sa Ghaeilge agus i litriú an Bhéarla a mheas. .Tá forbairt agus caighdeánú trialacha do scoileanna ar cheann d'fheidhmeanna reachtúla an FTO.

Tá na trialacha deartha chun eolas cruinn ar ardchaighdeán a sholáthar ar inniúlachtaí agus ar ghnóthachtálacha dhaltaí na hÉireann. Tá na trialacha bunaithe ar 40 bliain de thaithí an FTO i bhforbairt trialacha, agus cuireann siad faisnéis iontaofa taighde-bhunaithe ar fáil do scoileanna, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí. Tá na trialacha bunaithe ar churaclam na hÉireann agus tugadh iad do shampla ionadaíoch dár bpobail scoileanna chun 'cuar cloigín' torthaí a chruthú. Tugann scór trialach leanbh i réimse ábhair ar leith meastachán foriomlán ar ghnóthachtáil an linbh i gcoibhneas le speictream gnóthachtála gach dalta in Éirinn ag an leibhéal gráid sin. Mar shampla, má fhaigheann leanbh scór sa "mheánraon" i dtriail (STen 5 nó 6), meastar go bhfuil gnóthachtáil an linbh ag teacht go ginearálta leis an meán náisiúnta.

De ghnáth tógann sé 3-5 bliana triail a fhorbairt agus is éard a bhíonn i gceist ná comhairliúchán le páirtithe leasmhara, forbairt ábhair (míreanna, sleachta téacs, léaráidí srl.), píolótú, caighdeánú, scálú agus forbairt ábhar tacaíochta do mhúinteoirí. Tá taithí ag taighdeoirí an FTO ar na céimeanna tionscadail éagsúla seo agus ar na sraitheanna scileanna éagsúla a theastaíonn, ó shaineolas ábhair go riarachán tionscadail ar scála mór go hanailís shíciméadrach.

Caithfidh bunscoileanna trialacha caighdeánaithe a dhéanamh sa léitheoireacht Bhéarla agus sa Mhatamaitic – agus, i ngaelscoileanna, sa Ghaeilge i Rang 2, 4 agus 6. Roghnaíonn go leor scoileanna gach dalta a thástáil gach bliain toisc go bhfaigheann siad amach go gcuireann na torthaí le tuiscint mhúinteoirí agus thuismitheoirí ar dhul chun cinn agus ar riachtanais leanaí.

### *Forbairt Trialacha*

In 2023, tá an FTO ag cur tús le céim nua, ilbhliantúil d'fhorbairt na dtrialacha, le fócas ar leith ar fheabhas a chur ar ár soláthar measúnaithe Gaeilge do leanaí i ngaelscoileanna. Is iad na measúnuithe seo a leanas ár dtosaíochtaí láithreacha:

- *Measúnú agus Diagnóisic Litearthachta don Iar-bhunscoil Ghaeilge* (MDLI-G) - is triail Ghaeilge í seo ar aon dul leis an triail Post-Primary Assessment and Diagnosis – English (PPAD-E) atá ann cheana féin do scoláirí iar-bhunscoile. Déantar é a fhorbairt i gcomhar leis an SNSO.
- Leaganacha nuashonraithe dár dtrialacha luathscagtha agus diagnóiseacha litearthachta agus uimhearthachta do dhaltaí ag deireadh na Naíonán Sinsearach agus ag tús Rang a hAon, le leaganacha i nGaeilge agus i mBéarla araon:
    - Triail Luathlitearthachta Dhroim Conrach – Scagthástáil agus Diagnóisic (Gaeilge)

- Drumcondra Test of Early Literacy – Screening and Diagnostic (Béarla)
- Triail Luathuimhearthachta Dhroim Conrach – Scagthástáil agus Diagnóisic (Gaeilge)
- Drumcondra Test of Early Numeracy – Screening and Diagnostic (Béarla)

Bhí obair nuashonraithe ar an Triail Ghaeilge Dhroim Conrach do Bhunscoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaeilge (TGD-G) le tosú in 2023 ach cuireadh moill air toisc nach raibh taighdeoirí le líofacht Ghaeilge ar fáil san FTO. Nuair a bheidh an TGD-G críochnaithe beidh trialacha ar fáil do dhaltaí Rang a hAon go dtí Rang a Sé, agus beidh tástálacha ar fáil ar líne agus ar pháipéar ó Rang a Trí ar aghaidh.

Is mór againn an t-am agus an iarracht a chuireann leanaí, múinteoirí, agus foireann eile na scoile a ghlacann páirt i dtrialacha píolótacha agus i staidéir chaighdeánaithe/bhailíochtaithe. Ní fhéadfaimis ábhair mheasúnaithe ar ardchaighdeán a fhorbairt gan a rannpháirtíocht.

*Tástáil Ar Líne – ERC DOTS*

Úsáideann scoileanna an t-ardán ERC DOTS (Córas Tástála Ar Líne Dhroim Conrach) chun trialacha caighdeánaithe a cheannach agus a riar ar dhaltaí. Tacaíonn sé le riar agus tuairisciú raon leathan de thrialacha ‘Droim Conrach’ de chuid an FTO ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal, i mBéarla agus i nGaeilge. Tá trialacha léitheoireachta Béarla, matamaitice, Gaeilge agus réasúnaíochta (cumas briathartha, uimhriúil) ar fáil. Tugann ERC DOTS deis do scoileanna gach gné de riar na dtrialacha a bhainistiú (trialacha a cheannach, seisiúin tástála a sceidealú, logáil isteach agus pasfhocail daltaí aonair a ghiniúint, tuairiscí ar thorthaí ranga agus aonair a íoslódáil) ó laistigh den chóras.

Tá ardán ERC DOTS deartha le feidhmiú ar ríomhairí glúine, ríomhairí pearsanta, táibléid agus iPadanna, agus níl bandaleithead mór de dhíth, rud a fhágann go bhfuil rochtain ag gach scoil air. Oibríonn an t-ardán freisin le méarchlár nó scáileán tadhaill, agus le luchóg nó gan luchóg.

Tá slándáil faisnéise scoile agus leanaí ríthábhachtach don Fhoras Taighde ar Oideachas. Bainimid úsáid as slándáil den scoth chun eolas a ionchuireann an scoil a chosaint. Stóráiltear agus próiseáiltear sonraí de réir dhlíthe na hÉireann agus na hEorpa um chosaint sonraí. Stóráiltear Sonraí Scoile a ionchuireann scoileanna trí DOTS ar fhreastalaí criptithe arna óstáil sa LEE.

*Tacaíochtaí do scoileanna*

Chomh maith le trialacha caighdeánaithe a fhorbairt do scoileanna, cuireann an FTO seirbhís tacaíochta ar fáil do scoileanna a bhíonn i mbun tástáil chaighdeánaithe. Tá ár bhfoireann ildisciplíneach taighdeoirí agus foireann tacaíochta ar fáil chun tacú le scoileanna, ceisteanna a fhreagairt agus dul i ngleic le saincheisteanna scoileanna agus iad ag baint úsáide as ardán ERC DOTS.

In 2023 tosaíodh ar an obair chun Uirlis Scórála Páipéir a fhorbairt ar ERC DOTS d’fhonn marcáil trialacha páipéir do scoileanna a chuíchóiriú. Leis an uirlis seo, is féidir le hoideachasóirí a dtástálacha páipéir FTO a mharcáil go díreach ar ardán ERC DOTS agus rochtain a fháil ar thuairiscí cuimsitheacha aonair agus ranga. Tá an FTO ag súil leis an Uirlis Scórála Páipéir a eisiúint go luath in 2024.

## Forbairtí Eagraíochtúla

*Rialachas*

Tá sé mar pholasaí ag an FTO Cód Cleachtais 2016 do Rialachas Comhlachtaí Stáit a chomhlíonadh agus tuairiscítear ar chomhlíonadh sa Tuarascáil Bhliantúil seo agus trí litir chuig an Aire Oideachais.

Tá clár iniúchta fairsing i bhfeidhm ag an FTO, arna mhaoirsiú ag ár gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca a tháinig le chéile 4 huaire i rith na bliana. Déantar an fheidhm iniúchta inmheánaigh a sheachfhoinsiú.

Mar chomhlacht poiblí a fheidhmíonn i dtimpeallacht chasta, bíonn sé mar dhúshlán i gcónaí leanúint de bheith ag cur le luach na hoibre laistigh de shrianta acmhainní. Déantar beartais agus nósanna imeachta maidir le caiteachas, , soláthar agus bainistíocht riosca a athbhreithniú agus a leasú go leanúnach. Táimid cuntasach don Oireachtas trí Choistí Oireachtais.

*Cumarsáid & Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara*

Príomhsprioc don FTO is ea dul i ngleic go réamhghníomhach lenár bpáirtithe leasmhara iomadúla. Tá raon leathan páirtithe leasmhara againn idir scoileanna, tuismitheoirí, daltaí, an Roinn Oideachais agus comhlachtaí faoina coimirce, eagraíochtaí taighde eile, ár bhfoireann agus soláthraithe, agus eile. Bainimid úsáid as bealaí éagsúla, lena n-áirítear ár suíomh gréasáin agus na meáin shóisialta chun ár dteachtaireacht a chur in iúl.

I mí an Mheithimh 2023, rinneamar óstáil ar an 10ú Comhdháil Idirnáisiúnta um Thaighde IEA (Cumann Idirnáisiúnta um Measúnú ar Ghnóthachtáil Oideachais). Tionóladh an chomhdháil an 28–30 Meitheamh 2023 in Óstán an Royal Marine, Dún Laoghaire i mBaile Átha Cliath agus bhí ceardlanna dhá lá roimh ré, ón 26-27 Meitheamh 2023, ar anailís thánaisteach ar shonraí an IEA.

In ómós a chomóradh 10 mbliana d'eagraigh an IRC comhdháil chomórtha timpeall ar Thaighde ar Oideachas agus ar Fhoghlaim mar léiriú ar a fhís agus ar a bhfuil bainte amach aige. Ba í an Dr Rachel Perkins a bhainistigh an ócáid thar ceann an FTO.

*Faisnéis Teicneolaíochta*

In 2023 leanamar ag feabhsú agus ag daingniú ár seirbhísí agus ár mbonneagar Teicneolaíocht Faisnéise, ag teacht leis an gcleachtas is fearr. D'fhorbraíomar Straitéis TF meántéarmach agus d'éirigh linn bogadh go timpeallacht oibre chumaisc. Leanaimid de na hathruithe teicniúla riachtanacha a dhéanamh ar ár mbonneagar TF chun freastal ar ár dtaighdeoirí agus ár bhfeidhmeanna corparáideacha ar an mbealach is éifeachtaí agus is fóirsteanaí agus is féidir.

*Acmhainní Daonna*

Ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, bhí faomhadh ag an FTO do 55.5 ball foirne coibhéiseach lánaimseartha (lena n-áirítear 3 chonradh CCS a chuaigh in éag ar 31/12/2024).

*Rialachas Sonraí*

I dteannta leis an RGCS, an tAcht um Chosaint Sonraí 2018, agus an tAcht um Roinnt Sonraí agus Rialachas 2019, tá freagrachtaí ar an FTO faoin Treoir um Shonraí Oscailte agus faoin Acht um Rialachas Sonraí an AE, mar aon le píosaí reachtaíochta eile i réimse an rialachais sonraí, ar feitheamh. Leanann an tírdhreach reachtaíochta ag forbairt agus tá impleachtaí ann maidir le comhroinnt sonraí agus riachtanas comhlíontachta an FTO.

Chuir líon méadaitheach na gcúraimí a bhaineann le réimsí na cosanta sonraí agus an rialachais sonraí, mar aon le srianta foirne in 2023, bac ar dhul chun cinn leis na cúraimí cosanta sonraí agus rialachais sonraí a bhí beartaithe.

Seo a leanas forléargas ar an obair a cuireadh i gcrích in 2023:

- **Taifid ar Ghníomhaíocht Próiseála (TaGP)**: d'fhostaigh an FTO Inneall Príobháideachta chun cabhrú le saincheisteanna TaGP. Críochnaíodh trí cinn agus leanfar le hobair TaGP in 2024.
- **Nuashonruithe Beartais**: Nuashonraíodh Ráiteas Príobháideachta an FTO.
- **Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí (MTCS)** Cuireadh sé MTCS i gcrích.
- **Comhaontuithe Sonraí**: Críochnaíodh Comhaontú Comhroinnte Sonraí idir an FTO agus an Roinn Oideachais, rud a chuir ar chumas na Roinne sonraí pearsanta a roinnt leis an FTO. Cuireadh tús leis an gcomhaontú an 1 Nollaig 2023. Rinneadh obair le Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar Chomhaontú Comhroinnte Sonraí comhionann. Leantar leis sin in 2024.
- **Sáruithe Sonraí & Neasteagmhais**: Tuairiscíodh a chéad sárú don CCS i mí an Mheithimh 2023 (ábhar sonraí amháin), agus tuairiscíodh an dara sárú i mí na Nollag (22 ábhar sonraí). Rinneadh teagmháil leis na hábhair sonraí sa dá chás agus cuireadh bearta maolaithe i bhfeidhm chun atarlú a chosc. Chuaigh an FTO i dteagmháil leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí maidir leis na sáruithe seo, níor glacadh aon ghníomhartha eile.
- **Iarratas Rochtana Ábhar**: Ní bhfuair an FTO aon iarratas in 2023.
  **Oiliúint Foirne**: Cuireadh oiliúint athnuachana ar fhoireann an FTO maidir le RGCS agus comhroinnt sonraí i R4-2023 chun ár n-oibleagáid a threisiú d'fhonn sonraí pearsanta a phróiseáil an t-ionad a chosaint. Rinne triúr ball foirne ón bhfoireann Rialachais agus Seirbhísí Corparáideacha ard-dioplóma sa Dlí um Chosaint Sonraí ag Óstaí an Rí.

# Plean Straitéiseach 2022-24 – Athbhreithniú ar Ghníomhaíochtaí

| Sprioc | Gníomhartha | Am Líne | Stádas ag deireadh na bliana 2023 |
|---|---|---|---|
| **1: I gcomhar leis an Roinn, struchtúr agus plean acmhainní inmharthana, ilbhliantúil a bhunú don chlár oibre v** | 1.1. I gcomhar leis an Roinn, príomhghnéithe de struchtúr agus plean acmhainní ilbhliantúil a bhunú don chlár oibre | R2 2022 | Ag deireadh 2023, bhí plean acmhainní meántéarmach á phlé ag an FTO agus ag an Roinn Oideachais don FTO chun a chlár oibre a sheachadadh go dtí 2026. Críochnófar athbhreithniú eagraíochtúil neamhspleách agus plean fórsa oibre don FTO go luath in 2024. |
| | 1.2. Plean lucht saothair a athbhreithniú agus a nuashonrú | R3 2022 | |
| | 1.3. I gcomhar leis an Roinn, plean acmhainne ilbhliana a thabhairt chun críche | R4 2022 | |
| | 1.4 Monatóireacht/nuashonrú a dhéanamh ar phlean acmhainne ilbhliana agus ar phlean lucht saothair de réir mar is gá | Go bliantúil | |
| | 1.5. Stádas RPO a éileamh ón IRC | R2 2023 | |
| | 1.6. Córas rianaithe a chur i bhfeidhm chun freagairtí straitéiseacha ar iarratais agus deiseanna taighde a chumasú | R1 2023 | |
| **2: I gcomhar leis an Roinn, clár oibre an FTO d'fhorbairt agus do chaighdeánú trialacha a neartú d'fhonn staidéir forbartha tástála, a aithnítear le chéile mar ardtosaíocht, a chur i bhfeidhm** | 2.1. Clár oibre agus acmhainní Roinne d'fhorbairt/do chaighdeánú trialacha a athbhreithniú agus a chomhaontú | R3 2022 | Tá plean oibre meántéarmach aontaithe ag an Roinn Oideachais agus an FTO maidir le forbairt agus caighdeánú trialacha. Ceadaíodh baill foirne bhreise do Fhorbairt Trialacha go luath in 2024. Leagfar amach tuilleadh aisíocaíochtaí foirne d'fhorbairt trialacha mar chuid de phlean fórsa oibre an FTO go luath in 2024.<br>Bítear i dteagmháil go rialta le soláthraí an ardáin ERC DOTS chun an t-ardán a chothabháil agus a fheabhsú de réir a chéile. |
| | 2.2. Agus an fhoireann ann, tús a chur leis an gcéad chéim den chlár oibre ar thrialacha a fhorbairt/a chaighdeánú | R4 2022 | |
| | 2.3. I gcomhar le soláthraí measúnaithe ar líne, éifeachtachtaí sreafaí oibre d'fhorbairt trialacha a shainaithint agus a chur i bhfeidhm | R4 2022 | |
| **3: Freagairt inbhuanaithe agus seasmhach a bhunú ar COVID-19 a ionchorpraíonn monatóireacht leanúnach agus bainistíocht riosca agus polasaí oibre cumaisc fadtéarmach** | 3.1. Monatóireachta a dhéanamh ar thionchair COVID-19 ar amlínte, buiséid, nósanna imeachta, aschuir, soláthraithe | R1 2022<br>Ar lean | Thug an FTO isteach polasaí oibre cumaisc go déanach in 2022 agus leanadh ag feidhmiú faoin bpolasaí seo in 2023. Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí ag deireadh na bliana 2024.<br>Lean an FTO ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar an tionchar a bhí ag Covid-19 ar amlínte agus aschuir tionscadail. |
| | 3.2. Comhairliúchán foirne a thabhairt chun críche ar pholasaí oibre cumaisc | R2 2022 | |
| | 3.3. An chéad leagan den pholasaí oibre cumaisc a thabhairt chun críche | R2 2022 | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **4: Straitéis TF a bhunú atá dlúthcheangailte le rialachas agus comhlíonadh agus le tosaíochtaí straitéiseacha an FTO** | 4.1. Tionscadail phráinneacha bonneagair TF a thabhairt chun críche | R4 2022 | Tugadh Straitéis TF chun críche i mí na Nollag 2023. Lean feidhm TF an FTO le bonneagar, beartais agus nósanna imeachta TF nua a rolladh amach a thugann deis don eagraíocht oibriú go héifeachtach i dtimpeallacht oibre chumaisc. |
| | 4.2. Sraith polasaithe TF agus tacaíochtaí oiliúna ábhartha a thabhairt chun críche | R4 2022 | |
| | 4.3. Doiciméad straitéise TF a thabhairt chun críche | R2 2023 | |
| **5: Straitéis taighde agus measúnaithe a bhunú a thrasnaíonn measúnuithe ar mhórscála, meastóireachtaí, agus forbairt trialacha agus seirbhísí tástála do ghníomhaíochtaí scoile; agus a chuimsíonn snáithe modheolaíochtaí anailíse agus naisc leis an straitéis FGL** | 5.1. Snáitheanna den obair fhorbartha tástála atá ann cheana féin a thabhairt chun críche/a chríochnú: bunscoil | R4 2022 | Cuireadh obair ar straitéis taighde agus measúnaithe an FTO siar ó 2023, ar feitheamh le ceapadh an Phríomhfheidhmeannaigh.<br>Líonfar post an Cheann Taighde in 2024. Tar éis don Cheann Taighde a bheith ceaptha, tosófar ar an obair chun Straitéis Taighde agus Measúnaithe, plean oibre agus Straitéis FGL a fhorbairt.<br>In 2024 tosóidh an FTO ag breithniú na straitéise riaracháin don chéad tréimhse eile de NAMER. |
| | 5.2. Snáitheanna den obair fhorbartha tástála atá ann cheana féin a thabhairt chun críche/a chríochnú: iar-bhunscoil | R4 2023 | |
| | 5.3. Ceann Taighde agus Oibríochtaí a earcú (PO) | R4 2022 | |
| | 5.4. Clár oibre/tosaíochtaí forbartha measúnaithe agus tástála ar mhórscála a bhunú | R2 2023 | |
| | 5.5. Cartlann sonraí tástála FTO agus plean anailíse cuimsitheach bainteach leis a bhunú | R2 2023 | |
| | 5.6. Tosaíochtaí anailíse a shainaithint agus iad a cheangal leis an straitéis FGL | R3 2023 | |
| | 5.7. An doiciméad straitéise do thaighde agus measúnú a chríochnú | R2 2024 | |
| | 5.8. Iniúchadh ar riarachán féideartha ar líne a dhéanamh don chéad bhabhta eile de NAMER (lena n-áirítear roghanna ró-shamplála, buntáistí agus dúshláin a bhaineann le haistriú go riarachán ar líne) | R4 2023 | |
| | 5.9. I gcomhar leis an Roinn, clár nuálach monatóireachta bliantúil a fhorbairt bunaithe ar thorthaí tástála caighdeánaithe | R3 2023 | |
| | 5.10. Cuir chuige modheolaíochta agus anailíseach nuálacha a chur i bhfeidhm ar thacair sonraí atá ann cheana, m.sh. obair thaiscéalaíoch in anailís bhraisle, mianadóireacht sonraí, anailísí ar leibhéal míre ar mhíreanna tástála LSA | R2 2024<br>Leantach | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **6: Straitéis FGL a bhunú a chuimsíonn contanam FGL, a chuireann comhoibriú chun cinn, agus a ionchorpraíonn rannpháirtíocht, coinneáil agus folláine** | 6.1. Maitrís scileanna nuashonraithe a chomhlánú | R1 2023 | Mar a luadh thuas, cuireadh moill ar an dul chun cinn ar straitéis FGL go dtí 2024 go dtí go gceapfaí Ceann Taighde.<br><br>Rinne an FTO suirbhé folláine ar an bhfoireann in 2023 agus bunaíodh Coiste Folláine go luath in 2024.<br>In 2023 lean an FTO ag tacú le deiseanna foghlama comhoibríocha agus comhroinnte don fhoireann. |
| | 6.2. Comhairliúchán foirne ar fhorbairt agus ar rannpháirtíocht ghairmiúil agus phearsanta, agus ar fholláine, a chríochnú | R1 2023 | |
| | 6.3. An doiciméad straitéise FGL a chríochnú | R3 2023 | |
| | 6.4. Coiste folláine FTO a bhunú | R3 2023 | |
| | 6.5. Grúpa oibre amháin nó níos mó a bhunú chun foghlaim chomhroinnte ar thopaicí ar leith a chur chun cinn le naisc chomhoibríocha chuí le heagraíochtaí eile, nuair is cuí | R2 2024<br>Leantach | |
| **7: Straitéis chumarsáide a bhunú a thugann tosaíocht don fheasacht agus don teagmháil leis an lucht éisteachta, le grúpaí Gaeilge, RSO agus BTB** | 7.1. Comhairliúchán le geallsealbhóirí ar straitéis chumarsáide a chríochnú | R1 2024 | Le críochnú in 2024. |
| | 7.2. Doiciméad straitéise cumarsáide a chríochnú a chuimsíonn cumarsáid inmheánach agus sheachtrach lena n-áirítear (i) scaipeadh trí ghrafaicí eolais nó trí mhodhanna neamhtheicniúla eile chun pobal níos leithne a rochtain, (ii) teagmháil a dhéanamh le múinteoirí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus daltaí trí úsáid a bhaint as físeáin nó as modhanna dinimiciúla eile, (iii) aschuir Ghaeilge, (iv) eolas a scaipeadh i bhfóraim theicniúla, thaighde agus acadúla, agus (v) aschuir lena n-áirítear trialacha agus suirbhéanna do ghrúpaí RSO agus BTB | R3 2024 | |
| | 7.3. Cuir chuige nuálacha agus comhoibríocha maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana agus scaipthe a bhreithniú, m.sh. rannpháirtíocht le daoine óga; fóram measúnaithe bliantúil nó débhliantúil arna eagrú ag an FTO | R3 2024<br>Leantach | |
| **8: Éifeachtachtaí breise a bhaint amach maidir le staidéir thaighde agus mheastóireachta a riar** | 8.1. Próisis riaracháin sruthlínithe a bhaineann le taighde a shainaithint agus a chur i bhfeidhm trí obair bhuíne | R2 2023 | Cuireadh moill ar na gníomhartha seo go dtí 2024 go dtí go gceapfaí an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Ceann Taighde. |
| | 8.2. Próisis riaracháin sruthlínithe a bhaineann le taighde a shainaithint agus a chur i bhfeidhm trí theicneolaíochtaí digiteacha | R3 2023 | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | 8.3. Próisis riaracháin sruthlínithe a bhaineann le taighde a shainaithint agus a chur i bhfeidhm trí bhealaí rialachais sonraí | R3 2023 | |
| **9: Tógáil ar an gComhaontú le OCBÁC agus ar an dul chun cinn atá déanta maidir le rialtacht ar úinéireacht foirgneamh na Roinne Tástála d'fhonn feabhsuithe práinneacha a dhéanamh ar bhonneagar fisiceach an FTO** | 9.1. Ceadúnas d'oibreacha le OCBÁC a bhunú | R4 2022 | Is leis an FTO foirgneamh na Roinne Tástála ar Bhóthar Richmond anois agus leanann an plé le OCBÁC maidir le léas fadtéarmach dá foirgneamh ar champas Naomh Pádraig OCBÁC.<br>Cuirfear athbhreithniú eagraíochtúil meántéarmach, plean fórsa oibre agus beartas oibre cumaisc an FTO san áireamh ina straitéis tógála. |
| | 9.2. Oibriú le foireann ailtire, sonraíochtaí a bhunú do thionscadail tógála | R4 2022 | |
| | 9.3. Oibriú le OCBÁC agus le páirtithe ábhartha eile chun úinéireacht iomlán rialta ar an Roinn Tástála a bhunú | R4 2022 | |
| | 9.4. Oiriúnacht don fheidhm na Roinne Tástála a athbhreithniú chun cinneadh a dhéanamh ar na chéad chéimeanna eile | R3 2023 | |
| | 9.5. Straitéis tógála 10-mbliana a bhunú | R1 2024 | |
| | 9.6. Tús a chur le hoibreacha tógála práinneacha (m.sh. ardaitheoir a shuiteáil, athchumrú na leabharlainne, athfheistiú na cistine) | R3 2023<br>Leantach | |
| | 9.7. Raon feabhsuithe agus nuálaíochtaí a theastaíonn le haghaidh spriocanna inbhuanaitheachta 2030 a thosú agus a mhonatóireacht | R1 2024<br>Leantach | |
| **10: Struchtúir rialachais a neartú tuilleadh, le tosaíocht ag airgeadas, riosca agus iniúchadh, rialachas sonraí, agus AD** | 10.1. Clár riosca straitéiseach cothrom le dáta agus córas monatóireachta dinimiciúil a bhunú | R4 2022 | Rinneadh dul chun cinn in 2023 chun bainistíocht airgeadais agus struchtúir rialachais a fheabhsú. Déanfar acmhainní fhoireann rialachais agus seirbhísí corparáideacha an FTO a bhreithniú mar chuid den athbhreithniú eagraíochtúil meántéarmach agus plean fórsa oibre go luath in 2024. |
| | 10.2. Sruthlíniú breise a bhaint amach ar chórais bhainistíochta airgeadais agus ar thuairisciú | R4 2022 | |
| | 10.3. Comhráite leanúnach a choinneáil maidir le pinsin | R1 2022<br>Leantach | |
| | 10.4. Lámhleabhar AD a bhunú le sraith iomlán polasaithe agus nósanna imeachta AD, tacaithe ag inlíon na foirne | R4 2022 | |
| | 10.5. Liosta tosaíochtaí rialachais maidir le sonraí taighde a bhunú | R2 2023 | |
| | 10.6. Feabhsuithe riachtanacha a bhaint amach maidir le polasaithe agus próisis rialachais sonraí | R2 2024 | |
| | 10.7. Tús a chur le hobair ar réiteach fadtéarmach leabharlainne ar líne a bhunú don fhoireann taighde | R4 2022 | |

# Rialachas

I mí na Samhna 2023 thosaigh an Dr John Regan mar Phríomhfheidhmeannach tar éis aistriú mionsonraithe ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin a bhí ag dul as oifig, an Dr Aidan Clerkin.

Ag tús gach bliana comhaontaíonn an FTO agus an Láraonad Beartais (LAB) clár oibre don bhliain atá le teacht trí chomhaontú seachadta feidhmíochta (CSF).

Bíonn cruinniú ag an FTO leis an LAB gach ráithe chun míreanna rialachais agus dul chun cinn ar an CSF a phlé.

Cuireann an FTO a chuid oibre chun cinn trína Bhord agus trína Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC).

## An Bord Rialaithe

Tarmligeann an Bord freagracht oibriúcháin as reáchtáil laethúil an FTO chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus chuig Foireann Bainistíochta an FTO.

Cuireann Foireann Bainistíochta an FTO tuairiscí rialta ar fáil don Bhord agus coinnítear an Bord ar an eolas go dáta faoi shaincheisteanna straitéiseacha agus athruithe a mbíonn tionchar acu ar an FTO agus ar an timpeallacht ina bhfeidhmíonn sé. Cuireann an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann bhainistíochta comhairle agus tacaíocht ar fáil don Chathaoirleach agus don Bhord.

Féachann comhaltaí an Bhoird le bheith sásta go bhfuil rialuithe airgeadais agus córais bhainistíochta riosca láidir agus inchosanta i bhfeidhm.

Is iad seo a leanas na gnóthaí atá le cinneadh ag an mBord:

- pleanáil straitéiseach;
- éadálacha, diúscairtí agus scor sócmhainní suntasacha an FTO;
- infheistíochtaí móra agus tionscadail chaipitil;
- leibhéil údaráis tarmligthe, beartas cistíochta agus beartais bhainistíochta riosca;
- téarmaí do chonarthaí móra a fhaomhadh;
- dearbhuithe maidir le comhlíonadh na gceanglas reachtúil agus riaracháin maidir le ceapadh, líon, grádú agus coinníollacha na foirne uile a fhaomhadh, lena n-áirítear luach saothair agus aoisliúntas, lena n-áirítear leasuithe suntasacha ar shochair phinsin an POF agus na foirne;
- ceapadh, luach saothair agus measúnú ar fheidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh agus pleanáil comharbais don POF;
- buiséid bhliantúla agus pleananna corparáideacha a fhaomhadh;
- tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais a fhaomhadh;
- gnóthaí rialachais;
- tuarascálacha ó Choistí Iniúchóireachta agus Riosca agus iniúchtaí inmheánacha;
- ceapachán POF agus gnóthaí foirne a bhaineann le pleanáil fórsa oibre, buiséadú agus faomhadh ranna;
- dearbhuithe leasa.

Tá an Bord údaraithe cibé eolas atá de dhíth air a lorg ón FTO chun a dhualgais a chomhlíonadh. Tá sé údaraithe aige, ar chostas an FTO, comhairle dlí agus comhairle ghairmiúil eile a fháil lasmuigh má mheasann Comhaltaí Boird go bhfuil gá lena leithéid chun a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh.

Féachann an Bord leis an Aire Oideachais a choinneáil ar an eolas faoi nithe a thagann chun cinn laistigh den FTO trína Ráiteas Airgeadais agus trí Litir chuig an Aire gaolmhar.

Bhí plean straitéiseach an FTO a eisíodh in 2022 do 2022-2024 sa dara bliain dá chur i bhfeidhm.

Leanann an Bord ag obair laistigh de phrionsabail an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (CC) 2016 agus tuairiscíonn sé go rialta dá brat-Roinn, an Roinn Oideachais (RO). Rinne an FTO iniúchadh ar a chomhlíonadh leis an CC in 2023 agus cuireadh tús le hathbhreithniú seachtrach ar éifeachtacht an Bhoird agus ARC in 2023 agus críochnaíodh é sin in 2024 agus tá dréacht-thorthaí le hathbhreithniú i mí Mheán Fómhair 2024 (Baineann an mhoill le hiniúchadh neamhsceidealta ar DOTS, ardán tástála ar líne an FTO).

Tá sonraí Chomhaltas an Bhoird Rialaithe agus sceideal freastail ar chruinnithe an Bhoird liostaithe sa Tuarascáil Rialachais agus sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach atá mar chuid de Ráiteas Airgeadais an FTO don bhliain 2023 (féach lch 24 den tuarascáil seo).
Níl luach saothair ag dul le ballraíocht an Bhoird. Freastalaíonn an Príomhfheidhmeannach agus an Príomhoifigeach atá ina Rúnaí ar an mBord ar Chruinnithe Boird. Freastalaíonn baill foirne eile ar chruinnithe mar is cuí.

Tagann an Bord le chéile go rialta gan baill foirne an FTO i láthair agus bíonn comhaltaí an Bhoird i dteagmháil lena chéile idir cruinnithe nuair is gá.

Foilsítear miontuairiscí ó chruinnithe an Bhoird ar shuíomh an FTO[1] (https://www.erc.ie)
Tá coiste amháin bunaithe ag an mBord, mar seo a leanas.

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC)

Is é ról an ARC ná tacú leis an mBord lena fhreagrachtaí maidir le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhuithe gaolmhara.

Feidhmíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca laistigh de phrionsabail an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016, maoirsíonn sé feidhm Iniúchóireachta Inmheánaigh an FTO, agus oibríonn sé chun:

- A chinntiú go gcuirtear próisis sainaitheanta, monatóireachta agus maolaithe measúnaithe riosca i bhfeidhm laistigh den eagraíocht chun cineál, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith roimh an FTO a aithint.
- Measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí sainaitheanta.
- Measúnú a dhéanamh ar chumas an FTO na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú.
- Plean straitéiseach a chur i bhfeidhm atá faoi réir athbhreithnithe rialta ar spriocanna gearrthéarmacha agus fadtéarmacha agus meastóireacht ar na rioscaí a bhaineann leis na pleananna sin a thabhairt chun críche

*[1] Baintear faisnéis íogair ó thaobh na tráchtála agus ábhair phearsanta de mhiontuairiscí Bhord an FTO sula bhfoilsítear iad.*

Tá an CIR neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta agus cinntíonn sé go ndéantar monatóireacht ghníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta.

In 2023, leanadh den obair ar phróisis inmheánacha an FTO maidir le bainistíocht riosca.

Maidir leis an athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha, seo mar a bhí clár iniúchta inmheánaigh 2023:

- Rialú Inmheánach Airgeadais – Taisteal & Cothú, speansais agus sócmhainní seasta
- Comhlíonadh le Cód Cleachtais 2016
- Athbhreithniú ar DOTS – ardán tástála ar líne
- Tosaíodh freisin ar obair allamuigh don Bhord agus éifeachtacht ARC in R4 2023.

Rinne an CIR na torthaí a athbhreithniú agus déanfar iad a bhreithniú in aon nuashonrú beartais agus próisis.

Rinneadh dréacht-tuarascáil bhliantúil 2023 don Bhord, a athbhreithníodh i mí Feabhra 2024 le heisiúint ag cruinniú an Bhoird an 14 Feabhra 2024.

Tá sonraí Chomhaltas an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) agus sceideal freastail ar chruinnithe ARC liostaithe sa Tuarascáil Rialachais agus sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach atá mar chuid de Ráiteas Airgeadais an FTO don bhliain 2023 (féach lch 24 den tuarascáil seo).
Níl aon luach saothair do Chomhaltaí an ARC.

## Nochtadh Airgeadais

Cé nach aonán tráchtála é an FTO, díolann a roinn tástála trialacha caighdeánaithe le scoileanna. Ní raibh tionchar ag aon fhorbairtí suntasacha tráchtála isteach ar an FTO in 2023.
Tá gach nochtadh airgeadais riachtanach ar fáil i Ráiteas Airgeadais an FTO, lena n-áirítear Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, an Ráiteas Rialachais agus tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird agus an Ráiteas ar Rialú Inmheánach.

## Cothroime inscne

Mar chuid den straitéis níos leithne chun dul i ngleic le comhionannas inscne laistigh d'ionaid oibre na hÉireann, d'fhógair an Rialtas an tAcht um Fhaisnéis ar Bhearnaí Pá Inscne 2021.

Éilíonn an reachtaíocht tuairiscithe éigeantach um Bhearna Pá Inscne ar fhostóirí a bhfuil breis agus 250 fostaí acu faisnéis a bhaineann leis an mBearna Pá Inscne (BPI) a mheas agus a chur in iúl laistigh dá n-eagraíochtaí. Ó 2024 amach cúngófar é seo chuig gach eagraíocht a bhfuil 150 fostaí nó níos mó acu agus cúngófar arís é ó 2025 amach d'eagraíochtaí a bhfuil 50 fostaí nó níos mó acu.

Ag an bpointe seo níl aon cheanglas ar an FTO tuairisciú ar a BPI. Toisc gur cuid den earnáil phoiblí é an FTO, áfach, íoctar tuarastail i ndáil le gráid agus tosaítear gach duine a thagann isteach go nua san earnáil phoiblí ar Phointe 1 den scála tuarastail cuí, beag beann ar inscne.

Oibreoidh an FTO i dtreo uirlisí taifeadta ábhartha a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go mbeidh sé in ann tuairisciú ar a BPI go leordhóthanach i gcomhréir lena oibleagáidí laistigh den amlíne ábhartha.

Ag 31 Nollaig 2023, is mar seo a bhí foireann an FTO:

- 29 ball foirne baineann (61.7%)
- 18 ball foirne foireann (38.3%)

Anseo thíos tá léiriú ar inscne de réir gráid ar an 31/12/2023

| Grád | Iomlán | Baineann % | Fireann % |
|---|---|---|---|
| ***Riarachán*** | | | |
| **POF** | 1 | 0 | 100 |
| **PO** | 1 | 0 | 100 |
| **PC** | 2 | 50 | 50 |
| **AOF** | 3 | 66.7 | 33.3 |
| **OF** | 5 | 60 | 40 |
| **OC** | 2 | 0 | 100 |
| ***Taighde*** | | | |
| **Comhalta** | 6 | 50 | 50 |
| **Comhlach** | 16 | 73.4 | 26.6 |
| **Cúntóir** | 9 | 77.7 | 22.3 |

Léiríonn an tábla thíos cothromaíocht inscne ár mBord le linn 2023.

| Tréimhse | Fireann | Baineann |
|---|---|---|
| Ag 31/12/2023 | 2 | 3 |

Léiríonn an tábla thíos cothromaíocht inscne ár gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca le linn 2023.

| Tréimhse | Fireann | Baineann |
|---|---|---|
| Ag 31/12/2023 | 4 | 1 |

## An Ghaeilge

Féachann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 le feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge agus ag an am céanna trédhearcacht agus cuntasacht a chur chun cinn.

Mar thoradh air sin, ní mór do chomhlachtaí poiblí bainisteoir sinsearach a cheapadh chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh Achtanna na dTeangacha Oifigiúla agus go háirithe:

- Maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht dhualgais teanga an comhlachta poiblí
- Tuairisciú do cheann an chomhlachta phoiblí ar na dualgais sin.
- Cinntiú go gcuirtear achoimre ar na hábhair seo san áireamh i dtuarascáil bhliantúil an chomhlachta phoiblí.
- Laistigh den FTO, is é an Ceann Rialachais agus Seirbhísí Corparáideacha (Príomhoifigeach) a dhéanann maoirseacht ar chomhlíonadh Achtanna na dTeangacha Oifigiúla.

### 1. *Scileanna Gaeilge*

Le blianta beaga anuas aithníodh bearna i scileanna Gaeilge laistigh den eagraíocht.

Ag eascairt uaidh sin mhéadaigh an FTO a riachtanas do scileanna Gaeilge mar chuid dá earcaíocht. In 2019, bhí cainteoir líofa Gaeilge amháin ag an FTO. Faoi 2023, bhí cúigear cainteoirí líofa Gaeilge agus mhéadaigh an uimhir  go dtí ochtar faoi mhí an Mheitheamh 2024.

Thug an FTO faoi chlár oiliúna Gaeilge ar fud na heagraíochta ó Dheireadh Fómhair 2023. Le cúnamh ó Ghaelchultúr, chuir an FTO clár oiliúna ar fáil d'aon bhall foirne a d'éiligh breisoiliúint sa Ghaeilge.

I mí Dheireadh Fómhair 2023, thosaigh 9 mball foirne ag leibhéal tosaitheoirí, 9 ag leibhéal idirmheánach níos ísle agus 6 bhall foirne ag leibhéal idirmheánach uachtarach (is ionann sin agus os cionn 50% den fhoireann iomlán). Leanadh leis an gclár in 2024.

Thug beirt bhall foirne faoi ranganna cainte le Gael Linn (gael-linn.ie) thar 10 seachtaine freisin. Thug beirt bhall foirne faoi ranganna cainte le Gael Linn (gael-linn.ie) thar 10 seachtaine freisin. Thug ball foirne amháin faoi TEG B1 agus é beartaithe acu an scrúdú B2 a dhéanamh in 2024.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil dúshláin shuntasacha roimh an eagraíocht maidir le cainteoirí Gaeilge a bhfuil saineolas acu i bhForbairt Taighde agus Trialacha a earcú, go háirithe ag leibhéil níos sinsearaí. Pléitear na dúshláin seo go rialta leis an Roinn Oideachais chun an tionchar ar chláir réamh-mheasta oibre a mheas.

### 2. *Fógraíocht trí mheán na Gaeilge*

In Alt 10A den Acht freisin tá sé mar cheanglas ar chomhlachtaí poiblí tuairisceáin maidir le fógraíocht a chur faoi bhráid an Choimisinéara Teanga.

Thíolaic an FTO a thuairisceáin don bhliain 2023 i mí an Mhárta 2024 mar a éilítear.

Áit a n-éilítear 5% de chaiteachas an FTO ar fhógraíocht in aon bhliain a chur i dtreo na Gaeilge, chaith an FTO 55.81% dá chaiteachas fógraíochta ar fhógraíocht i nGaeilge.

Áit a n-éilítear 20% de chaiteachas an FTO ar fhógraíocht in aon bhliain a chur i dtreo na Gaeilge, bhí 73.08% d'fhógraíocht iomlán an FTO i nGaeilge.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go gcuirtear gach fógraíocht a bhaineann le hearcaíocht ar fáil go dátheangach. Leanfaidh an FTO ag déanamh monatóireachta ar chomhlíonadh Acht na dTeangacha agus forbrófar Scéim Ghaeilge in 2024.

## Cearta Daonna

Tá oibleagáid dhlíthiúil ar gach comhlacht poiblí Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus um Chearta an Duine a eascraíonn as Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014.

Mar thoradh air sin tá dualgas ar an FTO, i leith na foirne, úsáideoirí seirbhíse agus aon duine a mbíonn tionchar ag a mbeartas agus a bpleananna orthu:

- Leithcheal a Cosc,
- Comhionannas a chur chun cinn,
- Cearta Daonna a Chosaint

Tá cuimsitheacht agus meas mar bhonn le gach gné dár gcuid oibre agus baineann siad le prionsabal an spioraid chomhoibríoch. Tá ardluach ag an FTO ar fheasacht agus ar íogair i leith raon riachtanas agus leasanna na ngrúpaí éagsúla laistigh den chóras oideachais agus bainteach leis an gcóras.

I straitéis reatha an FTO (2022-2024) áirítear téamaí an Chomhionannais, na hÉagsúlachta agus an Chuimsithe mar ábhair a bhfuil baint mhór acu leis an FTO . Dírítear ach go háirithe ar:

- inrochtaineacht ar an bhfoirgneamh;
- inrochtaineacht agus éagsúlacht ionadaíochta i dtrialacha an FTO agus in aschuir eile (m.sh. tuarascálacha);
- inrochtaineacht agus éagsúlacht ionadaíochta i bhfoireann an FTO agus iad ag obair le chéile
- inrochtaineacht agus éagsúlacht ionadaíochta i gcomhairle leis an raon páirtithe leasmhara a idirghníomhaíonn leis an FTO .

Mar thoradh air sin, rinneadh athbhreithniú inrochtaineachta ar an bhfoirgneamh in 2023 agus tá na torthaí á bplé faoi láthair le hailtirí ceaptha an FTO.
Chríochnaigh gach ball foirne den FTO an Oiliúint Feasachta Míchumais a chuir an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ar fáil ar líne faoi Eanáir 2023. Tá an oiliúint seo mar chuid den ionduchtú foirne nua anois.
Leagadh amach pleananna do Choiste Folláine in 2023 a bhfuil prionsabail CÉC (comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú) mar chroílár aige.
Tháinig an Coiste le chéile den chéad uair in R2 2024 agus, mar chomhtharlú le mí Bród, tá ceardlann eagraithe cheana féin chun tacú le pléití ar chuimsiú bríoch LGBTR+ san ionad oibre. Tá ceardlanna breise ar CÉC beartaithe do R4 2024 agus 2025.

Cuireadh oiliúint ar bhaill foirne rialachais shinsearaigh i mí Iúil 2024, chun tuiscint a chinntiú maidir leis na hoibleagáidí atá leagtha amach do chomhlachtaí poiblí. Táthar ag súil freisin go gcuirfear tús in R4 2024 le hathbhreithniú ar bheartais reatha lena chinntiú go gcomhlíontar ár n-oibleagáidí.

Déanfaidh an chéad straitéis eile (2025/2023) atá á forbairt faoi láthair na coincheapa um Chearta Daonna a chomhtháthú agus socrófar clár oibre, thar thréimhse na straitéise, chun a chinntiú go gcomhlíonann an FTO a dhualgais maidir le Measúnú, Tabhairt Faoi agus Tuairisciú.

Daingneoidh sé an obair atá ar bun cheana féin chun a chinntiú go bhfuil na struchtúir riachtanacha ag an FTO chun comhlíonadh na reachtaíochta a léiriú. Mar chuid den obair tabharfaidh an FTO faoi:

- Dul i gcomhairle leis an bhfoireann agus leis an úsáideoir seirbhíse

- Meastóireacht a dhéanamh ar an eagraíocht
- Suirbhé úsáideoirí seirbhíse a dhéanamh ar an bhfoireann
- Athbhreithniú a dhéanamh ar a chlár Bainistíochta Riosca
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ghearáin a fuarthas
- Tuarascálacha ón IHREC a athbhreithniú
- Seiceáil le haghaidh samplaí d'fhoinsí faisnéise inmheánacha ar nós taighde agus tuarascálacha

Féachfaidh an FTO le dul i ngleic le haon chinntí a thagann ón measúnú agus cinnteofar go mbeidh gach ball foirne laistigh den eagraíocht ar an eolas faoina n-oibleagáidí.

Leanfar leis an measúnú ar chomhlíonadh an FTO, mar aon leis an obair leasúcháin (de réir mar is gá) agus tuairisciú ar an obair a críochnaíodh.

# Tuarascáil ar Nochtadh Cosanta

Ghlac an FTO a bheartas maidir le nochtadh cosanta an 25 Eanáir 2018 i gcomhréir le halt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 agus ceanglas an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Éilíonn Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 go bhfoilseofar tuarascáil bhliantúil maidir le nochtadh cosanta a fhaigheann an FTO.

Ní bhfuarthas aon nochtadh dá leithéid sin in 2023 agus tá cóip de pholasaí an FTO agus de thuarascáil bhliantúil 2023 ar nochtadh cosanta ar fáil ar shuíomh gréasáin an FTO (https://www.erc.ie)

# Ráiteas Airgeadais agus Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Ráiteas Rialachais

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cuntas Leithghabhála

Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh

Ráiteas ar an Staid Airgeadais

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS**

**Tuairisc agus Ráitis Airgeadais**

**Don bhliain dár críoch**

**31 Nollaig 2023**

# TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS 2023

## CLÁR — Leathanach


| | |
|---|---|
| BAILL AN BHOIRD AGUS EOLAS EILE | 2 |
| RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUAIRISC BHAILL AN BHOIRD | 3 - 9 |
| RÁITEAS AR RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH | 10 - 15 |
| TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE | 16 - 18 |
| RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS | 19 |
| RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH | 20 |
| RÁITEAS AR STAID AN AIRGEADAIS | 21 |
| RÁITEAS AR SHREABHAÍ AIRGID | 22 |
| NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS | 23 - 38 |

## AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS

## BAILL AN BHOIRD AGUS EOLAS EILE

| | |
|---|---|
| **BAILL AN BHOIRD** | Éamonn Ó Muircheartaigh Uasal<br>An Dochtúir Denise Burns (d'éirigh as 02 Deireadh Fómhair 2023)<br>An tOllamh Michael Martin<br>An Dochtúir Sharon Feeney<br>An Dochtúir Eilish Broderick (ceaptha 13 Nollaig 2023)<br>Paula Fyans Uasal (ceaptha 13 Nollaig 2023) |
| **SEOLADH GNÓ** | OCBÁC, Campas Choláiste Naomh Pádraig<br>Droim Conrach<br>Áth Cliath 9<br>D09AN2F |
| **INIÚCHÓIRÍ** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Áth Cliath 1<br>D01 PF72 |
| **BAINCÉIRÍ** | Allied Irish Banks PLC<br>140 Bóthar Dhroim Conrach Íochtarach<br>Áth Cliath 9 |
| **DLÍODÓIRÍ** | Holmes<br>Seomra 1<br>2 Plás Íle,<br>Áth Cliath 2<br>D02FR58<br><br>O'Connell Brennan<br>Teach Armitage<br>10 Sráid Haiste Íochtarach<br>Áth Cliath 2 |

# AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS

# RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUAIRISC BHAILL AN BHOIRD

**Rialachas**

Bunaíodh Bord an Fhorais Taighde ar Oideachas faoin Ordú (Bunú) um An Foras Taighde ar Oideachas, 2015. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in alt 45 den Acht seo. Tá an Bord freagrach don Aire Oideachais agus tá sé freagrach as dea-rialachas a dheimhniú agus déanann sé an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach príomhcheist ghnó. Is é/í an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí atá freagrach as bainistíocht, rialú agus treo an Fhorais Taighde Oideachais go rialta ó lá go lá. Leanann an POF agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí an treoir straitéiseach leathan a bhíonn leagtha síos ag an mBord, agus caithfidh siad a dheimhniú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach ball den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus le bainistíocht an Fhorais Taighde ar Oideachas. Feidhmíonn an POF mar theagmhálaí díreach idir an Bord agus bainistíocht an Fhorais Taighde ar Oideachas.

**Freagrachtaí an Bhoird**

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach ina Théarmaí Tagartha ina bhfuil na gnóthaí freisin atá curtha in áirithe go sonrach do chinneadh an Bhoird. I measc na míreanna seasta a mheasann an Bord tá:

- Pleanáil Straitéiseach
- Gnóthaí rialachais lena n-áirítear polasaithe inmheánacha;
- Leibhéil údarás tarmligthe agus polasaithe bainistíochta riosca;
- Airgeadas/Cuntais lena n-áirítear buiséid bhliantúla agus pleananna corparáideacha a fhaomhadh;
- Ceapadh, luach saothair agus measúnú ar fheidhmíocht an POF agus pleanáil chomharbais dó/di;
- Tuarascálacha ó Choistí Iniúchta agus Riosca agus iniúchtaí inmheánacha;
- Soláthar foirne; agus
- Dearbhuithe leasa.

Ceanglaítear, le halt 45 den Ordú um An Foras Taighde ar Oideachas, 2015 ar an mBord gach cuntas ceart agus is gnách ar an airgead go léir a fhaightear agus a chaitear a choinneáil, i cibé foirm a cheadaíonn an tAire Oideachais le faomhadh an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á ullmhú, caithfidh an Bord:

- polasaithe cuntasaíochta cuí a roghnú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh mura mbíonn sé míchuí glacadh leis go leanfaidh sé ag feidhmiú; agus
- tabhairt le fios ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeachta ábhartha a nochtar agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

## AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS

## RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUAIRISC BHAILL AN BHOIRD

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád a nochtann, le cruinneas réasúnta ag aon am, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a dheimhniú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 47 den Ordú um an Foras Taighde ar Oideachas, 2015.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. Eisítear meastóireacht, ar fheidhmíocht an Fhorais (feidhmíocht i gcoinne plean/buiséid a éilíonn an Cód Cleachtais mír 1.19) trí thagairt do phlean agus don bhuiséad bliantúil chuig an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) ag gach cruinniú agus tuairiscíonn an ARC a thorthaí don Bhord.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus dá réir sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais An Foras Taighde ar Oideachas léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an FTO an 31 Nollaig 2023.

**Struchtúr an Bhoird**

Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus ceathrar gnáthchomhalta, agus is é an tAire Oideachais a cheapann gach duine acu. Tar éis Éamonn Ó Muircheartaigh a cheapadh ó ghnáthchomhalta go Cathaoirleach ar 19 Meán Fómhair 2022 bhí folúntas ag an mBord do Ghnáthchomhalta. Tar éis don Dochtúir Denise Burns (Leas-Chathaoirleach) éirí as an mBord ar 2 Deireadh Fómhair 2023 tháinig folúntas breise chun cinn.

Tar éis feachtais earcaíochta arna stiúradh ag an Roinn Oideachais do phainéal comhaltaí Bhord an FTO tríd an gCoimisiún um Cheapacháin Phoiblí, ceapadh beirt ghnáthchomhaltaí nua ar an mBord ar 13 Nollaig 2023.

Ceapadh an Dochtúir Sharon Feeney mar Leas-Chathaoirleach freisin tar éis don Dochtúir Burns éirí as. Tharla ionduchtú do chomhaltaí nua an Bhoird ar 17 Eanáir 2024.

Tagann an Bord le chéile ar a laghad 6 huaire sa bhliain agus bhí 6 chruinniú den Bord in 2023.

Sonraítear sa tábla thíos cothromaíocht inscne ár mBord le linn 2023:

| **Tréimhse** | **Baill Fireann ar an mBord** | **Baill Baineann ar an mBord** |
|---|---|---|
| 1 Eanáir 2023 go 31 Nollaig 2023 | 2 | 3 |

Deirtear san Ordú um Lárionad Taighde Oideachais (Bunú), 2015 (S.I. Uimh. 392/2015) go mbeidh 5 chomhalta ag an bhForas Taighde ar Oideachas. Cé gur fearr cothromaíocht inscne a choinneáil ar an mbord, beidh tionchar aige seo bhall nua den bhord, nuair a bheidh scoilt 60:40 ann. Rachaidh ballraíocht reatha an Bhoird in éag i R3 2024. Tabharfar aird in aon cheapachán boird amach anseo ar an ngá atá leis an éagsúlacht sin a choinneáil, ach is cinneadh don Aire ceapacháin an Bhoird.

## RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUAIRISC BHAILL AN BHOIRD

Léiríonn an tábla thíos sonraí ceapacháin na mball reatha:

| Ball an Bhoird | Ról | Dáta an chéad cheapacháin | Dul in éag an chéad cheapacháin | Dáta an athcheapacháin | Dul in éag an athcheapacháin |
|---|---|---|---|---|---|
| Éamonn Ó Muircheartaigh | Gnáthbhall<br>Cathaoirleach | 05/07/2016<br>27/07/2022 | 04/07/2021<br>17/10/2026 | 12/07/2021<br>N/B | 17/10/2022<br>N/B |
| An Dochtúir Denise Burns | Leas-Chathaoirleach<br>Cathaoirleach Gníomhach | 05/07/2016<br>05/07/2021 | 04/07/2021<br>In éag ar cheapachán an Chathaoirligh nua<br>18/10/2022 | 12/07/2021 | 02/10/2023<br>(Éirí as) |
| An tOllamh Michael Martin | Gnáthbhall | 05/07/2016 | 04/07/2021 | 12/07/2021 | 11/07/2024 |
| An Dochtúir Sharon Feeney | Gnáthbhall | 26/11/2021 | 25/11/2026 | N/A | N/A |
| Paula Fyans | Gnáthbhall | 13/12/2023 | 12/12/2027 | N/A | N/A |
| An Dochtúir Eilish Broderick | Gnáthbhall | 13/12/2023 | 12/12/2027 | N/A | N/A |

The coiste amháin bunaithe ag an mBord, mar seo a leanas:

**An Coiste Iniúchta agus Riosca (ARC):** comhdhéanta de cheathrar ball den Bhord ar a mhéid. I R1 2023 bhí ceathrar comhaltaí Boird agus comhalta neamhspleách amháin mar chuid den ARC. I mí na Bealtaine 2023, tháinig comhalta neamhspleácha breise isteach san ARC, ag tabhairt saineolais airgeadais breise don Choiste. Chuaigh comhalta amháin den Bhord ar scor ar 2 Deireadh Fómhair 2023 agus mar thoradh air sin d'éirigh sí as an ARC freisin. Is é ról an ARC ná tacú leis an mBord lena fhreagrachtaí maidir le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhuithe gaolmhara. Tá an ARC neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an ARC ach go háirithe go ndéantar monatóireacht ghníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an ARC go díreach don Bhord tar éis gach cruinnithe. Rinneadh athbhreithniú i mí Feabhra 2024 ar dhréacht-tuarascáil bhliantúil fhoirmiúil scríofa don Bhord, don bhliain 2023, lena heisiúint ag an gcéad chruinniú Boird ar 22 Feabhra 2024. Is iad baill an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ná Ray Mooney (Cathaoirleach), Éamonn Ó Muircheartaigh, an Dochtúir Denise Burns (go dtí 02/10/23), an tOllamh Michael Martin, an Dochtúir Sharon Feeney (Leas-Chathaoirleach) agus Patrick Thorpe (Ó 23/03/23). Tionóladh 4 chruinniú den ARC in 2023.

## RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUAIRISC BHAILL AN BHOIRD

Is iad baill an Choiste Iniúchta agus Riosca:

| **Ball an ARC** | **Ról** | **Dáta an cheapacháin** | **Dul in éag an cheapacháin** | **Dáta an athcheapacháin** | **Dul in éag an athcheapacháin** |
|---|---|---|---|---|---|
| Éamonn Ó Muircheartaigh | Cathaoirleach<br>Gnáthbhall | 05/07/2017<br>13/09/2022 | 05/09/2022<br>N/A | 05/09/2021<br>N/B | 17/10/2022<br>N/B |
| Ray Mooney | Leas-Chathaoirleach<br>Cathaoirleach | 14/11/2019<br>13/09/2022 | 21/10/2025<br>20/10/2027 | N/B<br>N/B | N/B<br>N/B |
| An tOllamh Michael Martin | Gnáthbhall | 05/07/2017 | 05/09/2021 | 05/09/2021 | 05/07/2024 |
| An Dochtúir Denise Burns | Gnáthbhall | 05/07/2017 | 05/09/2021 | 05/09/2021 | 02/10/2023<br>(Éirí as) |
| An Dochtúir Sharon Feeney | Gnáthbhall | 30/05/2022 | 29/05/2026 | N/B | N/B |
| Patrick Thorpe | Gnáthbhall | 27/03/2023 | 13/02/2027 | N/B | N/B |

# RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUAIRISC BHAILL AN BHOIRD

**Sceideal Tinreamh, Táillí agus Speansais**

Ní fhaigheann Comhaltaí an Bhoird táille. Tá sceideal tinreamh ag cruinnithe an Bhoird agus an Choiste do 2023 leagtha amach thíos lena n-áirítear na speansais a fuair gach ball.

| **Ball** | **Bord (líon cruinnithe)** | **ARC (líon cruinnithe)** | **Speansais 2023 (€)** |
|---|---|---|---|
| Éamonn Ó Muircheartaigh | 6 | 4 | 0 |
| An Dochtúir Denise Burns | 3 | 1 | 0 |
| An tOllamh Michael Martin | 6 | 4 | 0 |
| Ray Mooney | N/A | 4 | 0 |
| An Dochtúir Sharon Feeney | 6 | 4 | 0 |
| Patrick Thorpe | N/A | 3 | 0 |
| An Dochtúir Eilish Broderick | 1 | N/A | 0 |
| Paula Fyans* | 0 | N/A | 0 |

* Toisc fógra ceapacháin déanach, seachtain amháin roimh Chruinniú Boird mhí na Nollag, ní raibh ar chumas Ms Fyans freastal.

**Nochtadh a Éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)**

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an FTO ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (“an Cód”), mar atá ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear na nochtaí seo a leanas leis an gCód:

| **Costais Chomhairleachta** | **€** |
|---|---|
| Táillí dlí | 20,656 |
| Iniúchadh & Cuntasaíocht | 48,144 |
| Gairmiúil & Comhairleachta – Ginearálta | 137,024 |
| Gairmiúil & Comhairleachta – Tionscnamh Ábhartha | 22,113 |
| Iomlán: | 227,937 |

# RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUAIRISC BHAILL AN BHOIRD

***Costais agus Socruithe Dlíthiúla***

Níor tabhaíodh aon chostais charnacha dlí in 2022 lena n-áirítear táillí dlí agus costais cúitimh i ndáil le haon chásanna cúirte nó cúitimh.

***Caiteachas Taistil agus Cothaithe***

Déantar caiteachas taistil agus cothaithe a chatagóiriú mar seo a leanas:

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| Baile | | |
| – Bord | 225 | 486 |
| – Fostaithe | 47,024 | 29,695 |
| Idirnáisiúnta | | |
| – Bord | - | - |
| – Fostaithe | 25,737 | 10,040 |
| **Iomlán** | **72,986** | **40,221** |

Is mar seo atá costais taistil an POF mar atá san áireamh thuas:

| | |
|---|---|
| Náisiúnta: | €Nil |
| Idirnáisiúnta: | €2,410 |

Íocadh €2,366 (€1,747 tuarastal & €619 speansais taistil) le hÉamonn Ó Muircheartaigh as obair a rinneadh don FTO nach mbaineann lena chuid oibre ar an mBord agus atá san áireamh i méid caiteachais taistil baile na bhfostaithe sa tábla thuas.

***Caiteachas Fáilteachais***

Tá an caiteachas fáilteachais seo a leanas san áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| Fáilteachas don fhoireann | 567 | 129 |
| Fáilteachas do chliaint | 2,622 | 891 |
| Iomlán | 3,189 | 1,020 |

Tá glactha ag an mBord leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an Chóid a dheimhniú. Mar chuid dá chlár iniúchta inmheánaigh don bhliain 2023, rinne an FTO anailís ar bhearnaí ar an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) chun a leibhéal comhlíonta a mheasúnú agus chun aon chinntí a tháinig as an iniúchadh a leigheas. Roinneadh torthaí an iniúchta leis an ARC ag a chruinniú ar 5 Meán Fómhair 2023 agus roinneadh na torthaí leis an mBord mar chuid de thuarascáil bhliantúil an ARC.

## RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUAIRISC BHAILL AN BHOIRD

Baineann formhór na dtorthaí le nuashonruithe atá de dhíth ar dhoiciméid (m.sh. Téarmaí tagartha an Bhoird, ARC, Cairt Iniúchta srl.) agus tá tús curtha leis an obair cheana féin le súil go mbeidh gach nuashonrú críochnaithe faoi R4 2024. Is í an oeisceacht dó seo ná obair atá ag teastáil ar Phlean Gníomhaíochta agus Cairteacha an chustaiméara. De bharr easpa cumais chun an obair seo a dhéanamh, beidh gá í a chur siar go dtí go gceapfar an tOifigeach Feidhmiúcháin – ról Cumarsáide ar feitheamh leis an Roinn Oideachais. Críochnaíodh ceapachán an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin i Ráithe 4 2023. Ghlac an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nua, an Dr John Regan, leis an ról an 6 Samhain 2023. Chríochnaigh an ceapachán ról an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin Eatramhaigh a bhí ag an Dr Aidan Clerkin le linn na hidirthréimhse.

Tugadh chun críche nithe maidir le húinéireacht fhoirgneamh na Roinne Tástála i mí Aibreáin 2023 gan aon dliteanas cánach breise don FTO. Tá úinéireacht foirgnimh na Roinne Tástála aistrithe anois chuig an FTO.

Níor tharla dul chun cinn in 2023 ar an bplé ar léas fadtéarmach le OCBÁC chun ionad an chomhaontaithe aistrithe fad-éagtha idir an FTO agus OCBÁC. Ar 31 Eanáir 2024, d'eisigh an POF comhfhreagras chuig Uachtarán OCBÁC le Cathaoirleach an Bhoird ag scríobh chuig Cathaoirleach Bhord OCBÁC freisin.

Tá maoiniú tríd an Roinn Oideachais le haghaidh íocaíochtaí pinsin ERC do dhaoine atá ar scor tar éis 2020 i bhfeidhm anois ó 2022 i leith. sa mheántéarma.

Tá maoiniú tríd an Roinn Oideachais le haghaidh íocaíochtaí pinsin FTO do dhaoine atá ar scor tar éis 2020 i bhfeidhm anois ó 2022 i leith. Leanann OCBÁC le híocaíochtaí pinsin do bhaill foirne a chuaigh ar scor tar éis 2015 ach roimh 2021 a íoc, ach táthar ag súil go n-aistreofar iad chuig an FTO sa mheántéarma.

Tá cuimsitheacht agus meas mar bhonn le agus mar thaca ag gach gné dár gcuid oibre agus tá siad bainteach le prionsabal an spioraid chomhoibríoch. Ina theannta sin, tá luach ard ag an FTO ar a bheith feasach agus tuisceanach ar raon riachtanas agus leasanna na ngrúpaí éagsúla laistigh de agus bainteach leis an gcóras oideachais.

Tá baint ag téamaí an Chomhionannais, na hÉagsúlachta agus an Chuimsithe le hobair uile an FTO, go háirithe mar a bhaineann le ceithre réimse –

- inrochtaineacht an fhoirgnimh;
- inrochtaineacht agus éagsúlacht ionadaíochta i dtrialacha an FTO agus in aschuir eile (m.sh. tuarascálacha);
- inrochtaineacht agus éagsúlacht ionadaíochta i bhfoireann an FTO agus iad ag obair lena chéile;
- inrochtaineacht agus éagsúlacht ionadaíochta i gcomhairle leis an raon geallsealbhóirí a bhíonn gafa leis an FTO.

Aithníodh na téamaí sin, i gcomhairle leis an bhfoireann agus le geallsealbhóirí, mar théamaí a bhfuil tábhacht ar leith leo i bplean straitéiseach an FTO don tréimhse 2022-2024.

**Thar ceann an Bhoird**

**An Dochtúir John Regan**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

**Éamonn Ó Muircheartaigh**
**Cathaoirleach**

**26 Meitheamh 2024**

## AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS

## RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

**Scóip na Freagrachta**

Thar ceann an Fhorais Taighde Oideachais aithním freagracht an Bhoird as a chinntiú go gcuirtear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm, go ndéantar monatóireacht air agus go ndéantar é a chothabháil, le feabhsúcháin de réir mar is gá. Cuirtear san áireamh mar chuid den fhreagracht seo riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

**Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh**

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas é a dhíchur. Mar sin ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san FTO don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 agus suas go dtí dáta formheasa na ráiteas airgeadais, seachas an ceann inmheánach saincheisteanna rialaithe a bhfuil cuntas orthu thíos. Comhlíonann an FTO ceanglais an Chóid Chaiteachais Phoiblí.

**Acmhainn chun Riosca a Láimhseáil**

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (ARC) ag an FTO ar a bhfuil 4 chomhalta ar a mhéid. Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (ARC) ag an FTO ar a bhfuil ar a mhéid ceathrar comhaltaí den Bhord. I R1 2023 bhí ceathrar comhaltaí Boird agus comhalta neamhspleách amháin mar chuid den ARC. I mí na Bealtaine 2023 tháinig ball neamhspleách breise isteach san ARC ag tabhairt saineolas airgeadais don Choiste. Chuaigh comhalta amháin den Bhord ar scor ar 2 Deireadh Fómhair 2023 agus dá réir sin d'éirigh sí as an ARC freisin.

Tháinig an ARC le chéile ceithre huaire in 2023.

Feidhmíonn an Coiste Iniúchta agus Riosca de réir phrionsabail an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus déanann sé maoirseacht ar fheidhm Iniúchta inmheánach an FTO chun:

- A dheimhniú go gcuirtear próisis aitheantais, monatóireachta agus maolaithe measúnaithe riosca i bhfeidhm laistigh den eagraíocht chun cineál, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí atá ann don FTO a aithint.
- Measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí aitheanta.
- Measúnú a dhéanamh ar chumas an FTO rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú.
- Pleanáil straitéiseach a chur i bhfeidhm (a eisíodh i mí an Mhárta 2022 don tréimhse 2022-2024) faoi réir athbhreithnithe rialta ar aidhmeanna gearrthéarmacha agus fadtéarmacha agus meastóireacht ar na rioscaí a bhaineann leis na pleananna sin a chur i gcrích.

Aithníonn agus déanann an ARC monatóireacht ar chur i bhfeidhm na hoibre i dtreo bearta ceartaitheacha maidir d'easnaimh nó laigí a shainaithnítear agus ansin déantar é seo a fhí isteach sa phlean gníomhaíochta rialachais, arb é an príomhspreagthóir é d'oibreacha leasúcháin i gcás teipeanna rialachais chorparáidigh.

Rinne an Bord athbhreithniú ar thuarascáil bhliantúil an ARC ag a chruinniú an 22 Feabhra 2024.

## RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Tuairiscíonn an FTO, mar chuid dá fheidhmeanna, don Aire Oideachais ar an taighde a dhéantar ar a shon, taighde a dhéantar ag gach leibhéal den chóras oideachais.

Tá an FTO maoinithe go príomha ag an Roinn Oideachais (RO) agus tá an Bord le cabhair ón gCoiste Iniúchta agus Riosca freagrach as iarratais ar bhuiséad a fhaomhadh agus as a chinntiú go leithdháiltear agus go gcaitear cistí de réir thosaíochtaí an FTO.

Déanann an FTO a chuid oibre trí threoracha straitéiseacha a leagan síos don eagraíocht. Áirítear leis seo spriocanna agus cinntí straitéiseacha i ngach príomhréimse oibre.

Feidhmíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) mar nasc idir an Bord agus an Fhoireann Ardbhainistíochta (FAB). Tá an POF freagrach as bainistíocht laethúil, rialú agus stiúradh an FTO. In éineacht leis an bhFoireann Ardbhainistíochta, leanann an POF an treo straitéiseach atá leagtha síos ag an mBord agus cinntíonn sé go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí an Bhoird ar phríomhghníomhaíochtaí an Fhorais chomh maith leis na dúshláin, na rioscaí agus na cinntí a bhaineann leis na gníomhaíochtaí seo.

Oibríonn an fhoireann bhainistíochta atá comhdhéanta d'Fhoireann Taighde agus Seirbhíse Corparáidí chun an Plean oibre bliantúil (Comhaontú Seachadta Feidhmíochta) a chomhaontaítear leis an Láraonad Beartais (CPU) sa Roinn Oideachais (RO) a chur i gcrích.

Chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh i gcomhthéacs trédhearcachta, rialtachta agus gnáis, tá rialuithe inmheánacha i bhfeidhm ag an FTO trí bheartais agus trí phróisis. Feidhmíonn na rialuithe seo freisin mar chórais rialaithe cáilíochta agus clúdaíonn siad réimsí mar Rialachas, Airgeadas, Acmhainní Daonna, Cosaint Sonraí, TF agus Taighde.

Tá Téarmaí Tagartha ag an FTO don Bhord agus don Choiste Iniúchta agus Riosca mar aon le Cód Iompraíochta do chomhaltaí an Bhoird agus d'fhostaithe a leagann amach na caighdeáin chomhaontaithe maidir le prionsabail agus cleachtais maidir le rúndacht agus coinbhleachtaí leasa.

Rinne an Bord Téarmaí Tagartha an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a athbhreithniú mar aon lena théarmaí féin ag a chruinniú ar 10 Samhain 2022 agus tá an chéad athbhreithniú eile le tarlú i mí Feabhra 2024 (mar fhreagra ar an anailís ar Bhearnaí COP).

Glacadh Beartas um Nochtadh Cosanta 17 Eanáir 2018 agus an beartas frithchalaoise 13 Samhain 2018.

Agus an tAcht um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022 á cur san áireamh, tá tuarascáil an FTO um nochtadh cosanta don bhliain 2023 ar fáil ar shuíomh gréasáin an FTO agus tá an FTO ag obair faoi láthair ar a bheartas a nuashonrú chun a chinntiú go bhfuil sé de réir na leasuithe reachtacha.

Tá córas Bainistíochta Feidhmíochta ag an FTO mar aon le forálacha don fhorbairt ghairmiúil leanúnach.

Ullmhaítear Ráiteas Airgeadais an FTO le cabhair ó ghnólacht cuntasaíochta seachtrach agus tá sé faoi réir iniúchta sheachtraigh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARC&C).

Soláthraíonn soláthraí seachtrach tuarastail agus párolla a cheadaíonn athbhreithniú agus monatóireacht leanúnach le haghaidh ríomh cruinn.

## AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS

## RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Maidir leis an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí a tháinig i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2018, bíonn athbhreithniú rialta á dhéanamh ag an FTO ar a chleachtais inmheánacha maidir le bailiú agus stóráil sonraí.

Maidir le comhlíonadh an Achta um Chomhroinnt Sonraí agus Rialachas 2019, a tháinig i bhfeidhm an 16 Nollaig 2022, bhí dúshláin mhóra roimh an FTO i 2023. Ainmnítear scoileanna na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOO), murab ionann agus scoileanna eile, mar chomhlachtaí poiblí agus dá bhrí sin tagann siad faoi raon feidhme na reachtaíochta. Mar thoradh air sin, ní mór comhaontú comhroinnte sonraí a bheith ag an FTO le gach Bord BOO do gach ceann dá staidéir agus chruthaigh sé seo dúshlán lóistíochta suntasach don FTO agus do na scoileanna ábhartha.

Leanann an FTO lena chumarsáid leis an Roinn Comhshaoil, le hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) agus le scoileanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna chun a chinntiú go bhfuil comhaontuithe sínithe i bhfeidhm ionas gur féidir leanúint le hobair an FTO. Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, go ndéanann an reachtaíocht claonta go mór i gcás obair an FTO agus tá scríofa ag Bord an FTO chuig an Roinn Comhshaoil chun athbhreithniú a iarraidh ar a hIonstraim Reachtúil chun a iarraidh, mar aon le nuashonruithe eile, go ndtabharfaí cumhacht don FTO chun sonraí pearsanta agus íogaire a roinnt le comhlachtaí poiblí eile, rud a chuirfeadh deireadh leis an ngá le comhaontú le scoileanna ar leith go háirithe. Leanann plé ar an ábhar seo le tacaíocht na Roinne Oideachais.

**Creat Riosca agus Rialaithe**

Feidhmíonn an FTO faoi bheartas bainistíochta riosca a áiríonn ráiteas mian riosca atá mar fhreagracht ar an bPríomhoifigeach Riosca.

Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar mhian riosca an FTO agus thug an ARC faomhadh dó ag a chruinniú an 12 Nollaig 2023.

Tá clár rioscaí á fhorbairt a shainaithníonn nádúr na rioscaí atá roimh an FTO, a dhéanann measúnú agus scóráil ar gach riosca de réir a dtábhachta agus a cheadaíonn breithniú ar mhaoluithe. Go dtí go dtugtar an obair ar an gclár chun críche, eisíonn bainisteoirí tionscadail ráitis riosca tionscadail go tréimhsiúil maidir le gach tionscadal agus dírítear aird an Bhoird agus chomhaltaí an ARC ar rioscaí straitéiseacha. Roinneann an FTO rioscaí straitéiseacha lena roinn freisin i dtuairisceáin ráithiúla.

Bíonn Bainistíocht Riosca ar chlár oibre cruinnithe uile an Bhoird.

Trí phlé oscailte leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca agus lena Bhord, tá an FTO muiníneach go gcuirtear faisnéis a bhaineann le riosca in iúl go cruinn do chomhaltaí.

Sonraíonn an clár riosca na rialuithe agus na bearta is gá chun rioscaí agus freagracht as oibriú rialuithe a shanntar d'fhoireann ar leith a mhaolú. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe ann ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- nósanna imeachta doiciméadaithe do gach príomhphróiseas airgeadais agus gnó,
- doiciméadú ar phríomhphróisis Rialachais agus AD nach mór déanta le roinnt nithe idir lámha,
- freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach sannta
- córas buiséadaithe iomchuí le buiséad bliantúil ann a choinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú
- na córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide nuashonraithe i 2022 agus 2023 agus cuireadh roinnt beartas breise i bhfeidhm.
- córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

# RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

**Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh, agus don bhainistíocht agus don Bhord, nuair is ábhartha, go tráthúil. Tá na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- tá príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara aitheanta agus tá próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomh-rialuithe sin agus chun aon easnaimh aitheanta a thuairisciú,
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- tá athbhreithnithe á ndéanamh go rialta ag an mbainistíocht ar thuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcoinne buiséid/réamh-mheastaí.

Táthar ag leanúint leis an obair ar roinnt rioscaí bainteach le saincheisteanna oidhreachta ar nós pinsin/ párolla/aistrithe agus comhaontuithe léasa ar leag an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG) béim orthu roimhe seo.

Tá roinnt dul chun cinn breise déanta ar fhormhór na nithe seo a leanas in 2023:

- ✓ Tá aistriú sonraí pinsin mar aon le haistriú le haghaidh seirbhíse d'fhostaithe an FTO roimh 2015 agus aistriú dliteanais do dhaoine a chuaigh ar scor roimh 2018 fós ar feitheamh agus tá cainteanna fós ar siúl le OCBÁC agus an Roinn Comhshaoil.
- ✓ Leanadh den obair ar an gcomhaontú Léasa idir OCBÁC agus an FTO i rith 2023 ach ní féidir aon dul chun cinn a thuairisciú. Tá an cheist criticiúil anois i bhfianaise na hoibre tógála atá de dhíth san FTO chun freastal ar fhoireann bhreise agus chun comhlíonadh na gceanglas breise a eascraíonn as reachtaíochtaí éagsúla a chinntiú (m.sh. An tAcht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021, an tAcht um Míchumas 2005).
- ✓ Críochnaíodh aistriú fhoirgneamh na Roinne Tástála in 2023 gan aon dliteanas cánach (mar a dheimhnigh na Coimisinéirí Ioncaim)
- ✓ Líonadh gach folúntas Boird i R4 2023.

Ceapadh POF Eatramhach in 2022 ionas go bhféadfaí an próiseas earcaíochta do Phríomhfheidhmeannach nua don FTO a thabhairt chun críche. Críochnaíodh an Próiseas i R4 2023 agus thosaigh an Dochtúir John Regan san FTO ar 6 Samhain 2023.

**Soláthar**

Tá sé mar aidhm ag an FTO luach ar airgead a bhaint amach ina cheannacháin agus iontaofacht a chinntiú ina phleanáil agus ina nós imeachta soláthair, a fheidhmíonn sé de réir bheartas soláthair an rialtais.

Braitheann an FTO go mór ar an Oifig um Sholáthar Poiblí agus ar thacaíocht ó shainchomhairleoir seachtrach soláthair chun a phróisis soláthair a chur i gcrích agus tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte soláthair reatha a chinntiú. Ní raibh aon soláthar neamhchomhlíonta ann in 2023. Bhí treochlár soláthair i bhfeidhm don tréimhse.

# RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

**Feidhm Iniúchta Inmheanaigh**

D'fhonn iontaofacht a rialuithe inmheánacha a chinntiú, tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag an FTO laistigh den eagraíocht. Toisc go bhfuil acmhainn foirne teoranta ag an FTO, cuirtear an fheidhm seo i gcrích le cabhair ó sholáthraí seachtrach. Ceapadh iniúchóir inmheánach nua in 2023 tar éis próiseas soláthair a rinneadh le cabhair ón Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR). Rinneadh na hiniúchtaí seo a leanas don bhliain airgeadais 2023:

- Comhlíonadh an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) – Anailís ar bhearnaí (faofa ag an ARC an 5 Meán Fómhair 2023)
- Athbhreithniú ar ardán measúnaithe ar líne (DOTS) (faofa ag an ARC an 22 Feabhra 2024)
- Rialuithe Airgeadais Inmheánacha (faofa ag an ARC an 22 Feabhra 2024))

Léiríonn torthaí an iniúchta gur féidir dearbhuithe réasúnta a chur ar leordhóthanacht agus éifeachtacht oibriúcháin na rialuithe chun rioscaí laistigh den FTO a mhaolú agus/nó a bhainistiú.

Mhol na hiniúchóirí roinnt gnéithe de rialuithe ar cheart diriú orthu, ina measc:

- Gá le roinnt nuashonruithe ar Théarmaí Tagartha an Bhoird & ARC agus ar chód iompair an FTO (Athbhreithniú ar Anailís Bearna an COP),
- Gá le roinnt nuashonruithe chun próisis bhainistíochta a athrú agus roinnt nuashonruithe ar nósanna imeachta inmheánacha d’ardán ar líne an FTO agus
- Gá le roinnt nuashonruithe ar na doiciméid rialuithe airgeadais, go háirithe maidir le doiciméadú agus tuairisciú a roinntear leis an ARC agus leis an mBord (chun an fhaisnéis a chuíchóiriú).

Sa bhreis air sin, aithníodh roinnt míreanna ar gá tagairt go sonrach dóibh sa Tuarascáil Chuimsitheach Bhliantúil don Aire. Táthar ag tabhairt aghaidh ar mholtaí an athbhreithnithe sa chomhthéacs seo faoi láthair agus réiteofar na hábhair atá i gceist le linn 2024.

Mar is ionann gach bliain, oibríonn an FTO i dtreo réiteach a fháil ar aon saincheisteanna a aithnítear trí iniúchtaí inmheánacha. Cuirtear moill rialta ar an obair seo, áfach, toisc laghdú ar acmhainn foirne. Táthar fós ag obair ar roinnt torthaí a d’eascair roimh 2023.

Roinneann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca nuashonruithe ar thorthaí an iniúchta inmheánaigh leis an mBord trína thuarascáil bhliantúil atá faofa ag an mBord an 22 Feabhra 2024.

Ar deireadh, beartaíodh athbhreithniú ar éifeachtacht an Bhoird agus an ARC do 2023 ar dtús agus cuireadh tús leis an obair. B'éigean é a chur siar, áfach, toisc gur tháining athrú ar thosaíochtaí agus an gá le hiniúchadh ar an ardán tástála ar líne. Tá an t-athbhreithniú ar éifeachtacht le críochnú i R2 2024.

## AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS

## RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

**Athbhreithniú ar Éifeachtacht**

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta maidir le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe curtha i bhfeidhm ag an FTO. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an FTO ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúchta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a chuid oibre, agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den FTO atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánach a fhorbairt agus a chothabháil.

Rinne an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú ar thorthaí an iniúchta ar rialuithe inmheánacha airgeadais a rinneadh in 2023 mar aon le torthaí iniúchadh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar Ráitis Airgeadais 2022 (a síníodh i mí an Mheithimh 2023) agus síníodh a litir bhainistíochta i mí Mheán Fómhair 2023.

Thar ceann Bhord an FTO, deimhním a bhfuil mo shíniú thíos, Cathaoirleach an Bhoird, maidir leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2023, go bhfuil athbhreithniú déanta ag an mBord, tar éis moltaí ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, ar an éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh an 22 Feabhra 2024.

**Sínithe thar ceann an Bhoird:**

**Éamonn Ó Muircheartaigh**
**Cathaoirleach**

**26 Meitheamh 2024**

**Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**Comptroller and Auditor General**

# Report for presentation to the Houses of the Oireachtas Educational Research Centre

## Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the Educational Research Centre for the year ended 31 December 2023 as required under the provisions of the Educational Research Centre (Establishment) Order 2015. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Educational Research Centre at 31 December 2023 and of its income and expenditure for 2023 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

### *Basis of opinion*

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Educational Research Centre and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

## Report on information other than the financial statements, and on other matters

The Educational Research Centre has presented certain other information together with the financial statements. This comprises a governance statement and Board members' report and a statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in regard to those matters.

**Mary Henry**
**For and on behalf of Comptroller and Auditor General**
**28 June 2024**

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

# Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Comptroller and Auditor General

## Appendix to the report

### Responsibilities of Board members

The members are responsible for

- the preparation of annual financial statements in the form prescribed under Article 45 of the Educational Research Centre (Establishment) Order 2015
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

### Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under Article 48 of the Educational Research Centre (Establishment) Order 2015 to audit the financial statements of the Educational Research Centre and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Educational Research Centre's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Educational Research Centre to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

I report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

#### Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

#### Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to bodies in receipt of substantial funding from the State in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

## RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

| | Nótaí | An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 € | An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Ioncam tionscadal lárnach | **8a** | 951,120 | 763,423 |
| Deontas na Roinne Oideachais | **7** | 3,142,880 | 2,681,021 |
| Maoiniú do chostais pinsin | | 61,738 | 59,632 |
| Ioncam tionscadal neamh-lárnach | **8b** | 17,878 | 143,202 |
| Díolacháin an rannáin tástála | | 1,207,771 | 1,276,698 |
| Díolacháin foilseachán | | 1,911 | - |
| Ioncam oibriúcháin eile | | (3,607) | 307 |
| Glan-mhaoiniú iarchurtha do phinsin | **14.1** | 723,000 | 879,000 |
| | | 6,102,691 | 5,803,283 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais foirne | **12** | 2,832,785 | 2,585,898 |
| Costais oibriúcháin eile | **9** | 2,152,388 | 1,915,277 |
| Costais sochair scoir | **14.1** | 784,738 | 938,632 |
| Dímheas | **15** | 32,707 | 22,908 |
| | | 5,802,618 | 5,462,715 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | 300,073 | 340,568 |
| Cuntas ioncaim agus caiteachais tugtha ar aghaidh | | 3,026,657 | 2,686,089 |
| **Cuntas ioncaim agus caiteachais tugtha chun cinn** | | 3,326,730 | 3,026,657 |

Níl aon bhrabúis ná caillteanais aitheanta ag an bhForas Taighde ar Oideachas seachas iad siúd a thuairiscítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sa Ráiteas Ioncaim Cuimsitheach. Rinneadh torthaí na bliana a ríomh ar bhonn costas stairiúil. Baineann ioncam agus costais uile an Fhorais Taighde ar Oideachas le hoibriúcháin leanúnacha

**Faofa ag an mBord an 25 Meitheamh 2024 agus sínithe thar a cheann ag:**

| | |
|---|---|
| **An Dochtúir John Regan** | **Éamonn Ó Muircheartaigh** |
| **Príomhoifigeach Feidhmiúcháin** | **Cathaoirleach** |

**26 Meitheamh 2024**

# RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH

| | Nótaí | An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 € | An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022 € |
|---|---|---|---|
| Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain ábhartha | | 300,073 | 340,568 |
| Achtúireach (caillteanas) ar oibleagáidí sochair scoir | **14.1** | 288,000 | 4,798,000 |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha | **14.1** | (288,000) | (4,798,000) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán sa bhliain** | | 300,073 | 340,568 |

## RÁITEAS AR STAID AN AIRGEADAIS

| | Nótaí | 31 Nollaig 2023 € | 31 Nollaig 2022 € |
|---|---|---|---|
| **SÓCHMHAINNÍ NEAMH-REATHA** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 15 | 502,584 | 43,738 |
| **Socmhainní Reatha** | | | |
| Stoic | 16 | 261,767 | 307,746 |
| Infháltais | 17 | 310,057 | 428,584 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | 23 | 2,976,334 | 2,540,318 |
| | | 3,548,158 | 3,276,648 |
| **INÍOCTHA** | | | |
| Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain | 18 | (274,012) | (293,729) |
| **GLANSÓCHMHAINNÍ REATHA** | | 3,274,146 | 2,982,919 |
| **IOMLÁN NA SÓCHMHAINNÍ LÚIDE DLITEANAS REATHA** | | 3,776,730 | 3,026,657 |
| Sócmhainn Phinsin iarchurtha do Phinsin– Scéim Neamh-mhaoinithe | 14 | 9,387,000 | 8,952,000 |
| Dliteanais Phinsin – Scéim Neamh-mhaoinithe | 14.1 | (9,387,000) | (8,952,000) |
| **GLANSÓCHMHAINNÍ** | | 3,776,730 | 3,026,657 |
| **CÚLCHISTÍ** | | | |
| Cúlchiste caipitil | 22 | 450,000 | - |
| Cuntas ioncaim agus caiteachais | | 3,326,730 | 3,026,657 |
| **CÚLCHISTÍ IOMLÁNA** | | 3,776,730 | 3,026,657 |

**Faofa ag an mBord an 25 Meitheamh 2024 agus sínithe thar a cheann ag:**

**An Dochtúir John Regan**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

**Éamonn Ó Muircheartaigh**
**Cathaoirleach**

**26 Meitheamh 2024**

## RÁITEAS AR SHREABHAÍ AIRGID

| | Nótaí | An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 € | An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022 € |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Ioncam iomlán don bhliain | | 300,073 | 340,568 |
| Coigeartuithe don: | | | |
| Dímheas | | 32,707 | 22,908 |
| | | 332,780 | 363,476 |
| Gluaiseachtaí i gcaipiteal oibre: | | | |
| Gluaiseacht i stoic | | 45,979 | 8,761 |
| Gluaiseacht in earraí infhaighte | | 118,525 | 61,733 |
| Gluaiseacht iníoctha | | (19,715) | 29,508 |
| Glan insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | 477,569 | 463,478 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a fháil | | (41,553) | (2,611) |
| Glanmhéadú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid | | 436,016 | 460,867 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana airgeadais | | 2,540,318 | 2,079,451 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana airgeadais | **23** | 2,976,334 | 2,540,318 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**15. EOLAS GINEARÁLTA**

Is Comhlacht Poiblí é an Foras Taighde ar Oideachas agus bunaíodh é le hionstraim reachtúil, Ordú An Foras Taighde ar Oideachas (Bunú) 2015 arna leasú le hOrdú an An Foras Taighde ar Oideachas (Bunú) (Leasú) 2017. Ag deireadh na bliana tá ceathrar ball ag an bhForas atá arna cheapadh ag an rialtas.

**16. RÁITEAS COMHLÍONTA**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, Cuid 1A den Chaighdeán sin á chur i bhfeidhm, agus Acht na gCuideachtaí, 2014.

**17. ACHOIMRE AR BHEARTAIS SUNTASACHA CUNTASAÍOCHTA**

Tá na beartais shuntasacha chuntasaíochta a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú leagtha amach thíos. Cuireadh na polasaithe seo i bhfeidhm go comhsheasmhach i ngach bliain a cuireadh i láthair mura luaitear a mhalairt

***m) Bunús an ullmhúcháin***

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus de réir choinbhinsiún na gcostas stairiúil ach amháin cásanna réadmhaoine agus ionstraimí airgeadais a thomhaistear ag méideanna athluacháilte nó luachanna córa, mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos má tá siad ann. De ghnáth bíonn costas stairiúil bunaithe ar luach cóir na comaoine a thugtar mar mhalairt ar shócmhainní.

***a) Ioncam***

Cuimsíonn ioncam luach sonraisc earraí a sholáthraíonn an Foras Taighde ar Oideachas, seachas aon lascainí trádála. Is ionann ioncam ó ioncam tionscadail agus suim an chaiteachais ghaolmhair a thabhaítear i rith na bliana.

***a) Maoin, gléasra agus trealamh agus dímheas***

Luaitear maoin, gléasra agus trealamh ag a gcostas nó ag a luacháil, lúide dímheas carntha. Ríomhtar muirear ar dhímheas chun bunchostas nó luacháil réadmhaoine, gléasra agus trealaimh a dhíscríobh, lúide a luach iarmharach measta, thar an saolré úsáideach a bhfuil súil leis, mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Foirgnimh | - | 4% Líne dhíreach |
| Daingneáin, feistis agus trealamh | - | 15% Líne dhíreach |
| Trealamh ríomhaireachta | - | 25% Líne dhíreach |
| Obair ealaíne | - | 0% Líne dhíreach |

Déantar luachanna iompair sócmhainní seasta inláimhsithe a athbhreithniú gach bliain do lagaithe i dtréimhsí má léiríonn imeachtaí nó athruithe ar chúinsí nach féidir an luach tugtha anonn a aisghabháil.

**3. ACHOIMRE AR BHEARTAIS SUNTASACHA CUNTASAÍOCHTA (*ar lean*)**

***a) Sócmhainní airgeadais***

Luaitear infheistíochtaí a choinnítear mar shócmhainní seasta ag costas lúide soláthar d'aon laghdú buan ar luach. Aithnítear ioncam ó infheistíochtaí eile mar aon le haon cháin iarchoimeádta ghaolmhar sa chuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain ina bhfuil sé infhaighte.

***a) Deontais Rialtais***

Caitear le deontais chaipitiúla a fhaightear agus infhaighte mar ioncam iarchurtha agus déantar iad a amúchadh leis an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais gach bliain thar shaolré eacnamaíoch úsáideach na sócmhainne lena mbaineann sí. Cuirtear deontais ioncaim chun sochair an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais nuair a fhaightear iad.

***a) Stoic***

Déantar stoic a luacháil ag an gcostas is ísle agus ag an nglanluach inréadaithe. Cinntear stoic ar bhonn meánchostas ualaithe. Cuimsíonn an costas caiteachas a thabhaítear i ngnáthchúrsa an ghnó chun stoic a thabhairt chuig a suíomh agus a riocht reatha. Déantar foráil d'earraí atá as feidhm nó mallghluaiste. Cuimsíonn glanluach inréadaithe an praghas díola iarbhír nó measta (glan ó lascainí trádála) lúide gach costas breise a tharla nó a thabhaítear i margaíocht agus i ndíol.

***a) Trádáil agus earraí infhaighte eile***

Aithnítear earraí infhaighte trádála agus eile ar dtús ag luach cóir agus ina dhiaidh sin luaitear iad ag costas amúchta ag baint úsáide as an modh úis éifeachtach lúide caillteanais lagaithe ar dhrochfhiacha amhrasacha ach amháin i gcás nach mbeadh éifeacht an lascainithe neamhábhartha. I gcásanna den sórt sin luaitear na nithe infhaighte ar chostas lúide caillteanais lagaithe as drochfhiach agus amhrasach.

***a) Airgead tirim agus coibhéisí airgid***

Cuimsíonn airgead tirim agus coibhéisí airgid airgead tirim sa bhanc agus ar láimh, taiscí éilimh le bainc agus infheistíochtaí gearrthéarmacha an-leachtacha lena mbaineann aibíochtaí bunaidh trí mhí nó níos lú agus rótharraingtí bainc. Sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais léirítear rótharraingtí bainc laistigh de na nithe iníoctha.

***a) Trádáil agus iníocthaí eile***

Aithnítear trádáil agus earraí iníoctha eile ar dtús ag luach cóir agus ina dhiaidh sin luaitear iad ag costas amúchta ag baint úsáide as an modh éifeachtach ráta úis, ach i gcás éifeacht an lascainithe neamhábhartha, agus sa chás sin luaitear iad ar a gcostas.

***a) Cánachas***

Is Comhlacht Reachtúil é An Foras Taighde ar OIdeachas. Ní thrádálann sé ar bhrabús agus dá bhrí sin tá sé díolmhaithe ó Cháin Chorparáide.

**3. ACHOIMRE AR BHEARTAIS SUNTASACHA CUNTASAÍOCHTA (*ar lean*)**

***a) Pinsin***

Tá socruithe áirithe scoir sochar sainithe ag an bhForas mar a shonraítear i nóta 12.

Déantar dliteanais scéime pinsin sochair shainithe a thomhas ar bhonn achtúireach agus an modh aonaid réamh-mheasta á úsáid. Cuimsíonn an muirear pinsin sochair shainithe don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais an costas seirbhíse reatha agus na costais seirbhíse roimhe seo, agus an costas úis a éiríonn as tomhas an dliteanais phinsin ag an nglanluach reatha. Aithnítear méid a fhreagraíonn don mhuirear pinsin mar ioncam sa mhéid go bhfuil súil go mbeidh sé inghnóthaithe agus fritháirithe ag deontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh taithí sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain ina dtarlaíonn siad.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuilleann fostaithe, agus léirítear iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin foirne a chuirtear ar aghaidh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gcás na Scéime Pinsin Aonair agus a choinníonn an Roinn Oideachais i gcás Scéim Pinsin an Choláiste.

Léirítear brabúis nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach i méid inghnóthaithe na Roinne Oideachais.

Ríomhtar na méideanna a ghearrtar ag baint úsáide as na rátaí seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Costais seirbhíse reatha | - | Ráta lascaine ag tús na bliana |
| Costas úis | - | Ráta lascaine ag deireadh na bliana |
| Toradh measta sócmhainní | - | Ráta toraidh ionchais ag tús na bliana |

***b) Sóchmhainn Infhaighte***

*Scéim Pinsin na gColáistí Oideachais agus Scéim and Céilí agus Leanaí na gColáistí Oideachais*
Aithníonn an FTO mar shócmhainn, méid a fhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamhchistithe i leith pinsean ar bhonn roinnt imeachtaí san am atá thart. Áirítear leis na himeachtaí seo an tacaíocht reachtúil don scéim aoisliúntais, agus an polasaí agus an cleachtas maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear an próiseas meastachán bliantúil. Cé nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil ann agus dá bhrí sin nach bhfuil aon ráthaíocht ann maidir leis na méideanna sonracha seo leis an Roinn Oideachais, níl aon fhianaise ag an bhForas nach leanfaidh an beartas maoinithe seo ag comhlíonadh an mhéid seo de réir a chéile de réir an chleachtais reatha.

Mar a mhínítear tuilleadh i nóta 14 leis na ráitis airgeadais, tá sócmhainn pinsin iarchurtha aitheanta ag FTO i leith Scéim Pinsin na gColáistí Oideachais agus Scéim na gColáistí Oideachais do Chéilí agus Leanaí ar an mbonn go bhfuiltear ag súil go gcuirfidh an Stát maoiniú ar fáil chun oibleagáidí sochair scoir a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite. Glacann an láimhseáil chuntasaíochta seo leis go gcuirfear aon ioncam a ghineann an FTO i bhfeidhm ar an gcéad dul síos i dtreo speansais reatha agus go gcúiteoidh maoiniú Stáit aon easnamh in acmhainní chun dliteanais sochair scoir amach anseo a mhaoiniú.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**3. ACHOIMRE AR BHEARTAIS SUNTASACHA CUNTASAÍOCHTA (*ar lean*)**

***a) Sóchmhainn Infhaighte (ar lean)***

*Scéim Pinsin Aonair Seirbhíse Poiblí ("SPSPS")*
Is í an Scéim Aonair an scéim pinsin sochair shainithe do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh de réir an Achta um Pinsean Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Is Údarás ábhartha é an FTO faoin scéim.

**18. BREITHIÚNAIS CHUNTASAÍOCHTA SUNTASACHA AGUS PRÍOMHFHOINSÍ NEAMHCHINNTEACHTA MEASTACHÁIN**

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, rinne an bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a théann i bhfeidhm ar na méideanna a tuairiscíodh le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail ar dháta an chláir chomhardaithe agus na méideanna a tuairiscíodh le haghaidh ioncaim agus caiteachais i rith na bliana. Féadfaidh torthaí iarbhír a bheith difriúil leis na meastacháin seo. Déantar meastacháin agus breithiúnais a athbhreithniú ar bhonn leanúnach. Tugtar aghaidh thíos ar na meastacháin, na toimhdí agus na breithiúnais a bhfuil riosca suntasach acu coigeartú ábhartha a dhéanamh ar mhéid carraeireachta na sócmhainní agus na ndliteanas laistigh de na ráitis airgeadais sa bhliain airgeadais seo chugainn:

***c) Laethanta saoire tuillte ach nár glacadh agus sochair eile d'fhostaithe***

Ríomhtar é seo maidir le laethanta saoire a thuilltear ach nach dtógtar ar dháta an chláir chomhardaithe an 31 Nollaig 2023 a chuirtear i leith daonra iomlán na bhfostaithe.

***a) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh***

Ríomhtar muirear dímheasa bunaithe ar mheastacháin agus ar bhoinn tuisceana ar shaolta eacnamaíocha úsáideacha sócmhainne agus ar an luach iarmharach a bhfuiltear ag súil leis.

**19. GNÓTHAS LEANTACH**

Tá a fhios ag na baill go ndéantar an t-eintiteas a mhaoiniú go héifeachtach le hioncam ón Roinn Oideachais. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh, a mbraitheann a mbailíocht ar infhaighteacht leanúnach na gcistí seo.

Maidir leis seo, rinne an t-eintiteas an deimhniú maoinithe sin a mheas do 2024, agus an buiséad do 2024 a cuireadh chuig an Roinn Oideachais i mí an Mheithimh 2023 agus a dheimhnigh an Roinn Oideachais an 04 Eanáir 2024. Tugann an Roinn Oideachais faoin bpróiseas bliantúil seo gar do dheireadh na bliana agus dá bhrí sin níor comhaontaíodh fós ar bhuiséad 2024 agus ina dhiaidh sin. Go stairiúil ní raibh aon fhadhb ag an eintiteas maoiniú leanúnach a fháil.

Tar éis dóibh an méid roimhe seo a mheas, creideann na stiúrthóirí gur iomchuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Ní chuimsíonn na ráitis airgeadais aon athruithe a thiocfadh as mainneachtain an bharrachais airgeadais réamh-mheasta a bhaint amach nó mura bhféadfadh an banc nó an Roinn Oideachais tacaíocht airgeadais a sholáthar a thuilleadh.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**20. IONCAM**

Tá ioncam iomlán an Fhorais Taighde ar Oideachas inchurtha i leith a mhargaidh i bPoblacht na hÉireann agus tá sé díorthaithe ó phríomhghníomhaíocht na meastóireachta ar sholáthar oideachais, anailís ar shaincheisteanna san oideachas, anailís ar thorthaí scrúduithe poiblí agus measúnuithe náisiúnta ar ghnóthachtáil oideachais.

**21. DEONTAIS A FUARTHAS**

Rinne an Roinn Oideachais trí dheontas a leithdháileadh ar an FTO in 2023, Pá, Neamhphá agus Pinsean. Is é cuspóir na ndeontas ná míreanna caiteachais Pá, Neamh-Phá agus Pinsean a chlúdach (ar nós costais ghinearálta oifige nó tionscadail) agus nithe a bhaineann le caiteachas pinsin. Ní bhfuarthas aon deontas caipitil.

Fuarthas deontas iomlán €4,094,000 (2022: €3,444,444) ón Roinn Oideachais. As na deontais iomlán a fuarthas áirítear €951,120 (2022: €763,423) mar ioncam tionscadail agus €3,142,880 (2022: €2, 681,021) mar chuid de dheontas na Roinne Oideachais.

Tugtar cuntas ar na deontais seo trí chomhphlé rialta leis an Roinn Oideachais. Cuirtear sonrasc don mhaoiniú do thionscadail eile nach n-áirítear i dtionscadail lárnacha FTO a thagann faoin deontas Neamhphá chuig an páirtí ábhartha

**22. IONCAM TIONSCADAL**

***c) Ioncam na dTionscadal Lárnach***

| **Ioncam na dTionscadal Lárnach** | **Deontóir** | **2023 €** | **2022 €** |
|---|---|---|---|
| Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna (DEIS) | An Roinn Oideachais – Aonad um Chuimsiú Sóisialta | 7,097 | 1,221 |
| An Clár um Measúnú Idirnáisiúnta do Mhic Léinn (PISA) | An Roinn Oideachais – Láraonad Beartais | 18,912 | 271,603 |
| Treochtaí i Staidéar Idirnáisiúnta Matamaitice agus Eolaíochta (TIMSS) | An Roinn Oideachais – Láraonad Beartais | 804,998 | 393,021 |
| Dul chun cinn sa Staidéar Idirnáisiúnta ar Litearthacht Léitheoireachta (PIRLS) | An Roinn Oideachais – Láraonad Beartais | 74,334 | 6,069 |
| Caighdeánú Trialacha | An Roinn Oideachais – Láraonad Beartais | 4,513 | 1,100 |
| Measúnacht Náisiúnta (NAMER) | An Roinn Oideachais – Láraonad Beartais | 5,654 | 15,032 |
| Measúnú agus diagnóis iar-bhunscoile – Béarla don SNSO | An Roinn Oideachais – Láraonad Beartais | 8 | (3,346) |
| Trialacha ríomhaire-bhunaithe (TRB/DOTS) | An Roinn Oideachais – Láraonad Beartais | 17,395 | 59,911 |
| An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (SASG) | An Roinn Oideachais – Láraonad Beartais | 18,209 | 18,812 |
| | | 951,120 | 763,423 |

**8. IONCAM TIONSCADAL (*ar lean*)**

Is tionscadail athfhillteacha iad croíthionscadail amhail measúnuithe idirnáisiúnta (m.sh., PIRLS/TIMSS/PISA) agus measúnuithe náisiúnta (m.sh.NAMER atá mar bhonn le maoiniú FTO ón Roinn Oideachais (RO). Tá bunmhaoiniú tionscadail san áireamh sa cistiú pá agus neamhphá foriomlán na RO a chumhdaíonn costais lárnacha tionscadail chomh maith le caiteachas ginearálta FTO (m.sh.: sláinte agus sábháilteacht, TF srl.).

Clúdaíodh na costais go léir a bhain le measúnú agus diagnóis iar-bhunscoile – Béarla do SNSO faoi bhunmhaoiniú an tionscadail cé gur tionscnamh SNSO.

Níl ioncam don tionscadal DEIS mar chuid de mhaoiniú an Aonaid Churaclaim agus Mheasúnaithe (nóta 7) ach déantar é a shonrasc chuig an Aonad um Chuimsiú Sóisialta sa Roinn Oideachais.

***a) Ioncam na dTionscadal Neamh-Lárnach***

| **Ioncam na dTionscadal Neamh-Lárnach** | **Deontóir** | **2023** | **2022** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| An Creat Foghlama Digití (CFD) | An Roinn Oideachais – Aonad Beartais TFC | - | 53,661 |
| Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí (FGL/FGL – Folláine) | An Roinn Oideachais – Rannóg Oideachas Múinteoirí | 17,878 | 89,541 |
| | | 17,878 | 143,202 |

Is éard atá i dtionscadail neamh-lárnacha ná tionscadail nach n-áirítear sa mhaoiniú bliantúil ón RO agus a bhaineann le tionscadail ad-hoc (mar an Creat Foghlama Digití nó Foghlaim Ghairmiúil Mhúinteoirí). Meallann na tionscadail seo maoiniú sonrach ó chodanna den Roinn seachas Láraonad Beartais (LAB) nó gníomhaireachtaí eile agus baineann gach maoiniú leis na tionscadail ábhartha amháin. Tá an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta in Ioncam na dTionscadal Lárnacha do 2023.

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**23. COSTAIS OIBRIÚCHÁIN EILE**

| | Nótaí | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|---|
| Caiteachas ar thionscadail lárnacha (nóta thíos) | **10** | 951,120 | 763,423 |
| Caiteachas ar thionscadail neamh-lárnacha (nóta t | **11** | 77,264 | 12,984 |
| Priontáil. postas agus stáiseanóireacht | | 443,775 | 514,220 |
| Stoc oscailte | | 307,746 | 316,508 |
| Stoc deiridh | | (261,767) | (307,746) |
| Earcú agus oiliúint foirne | | 62,594 | 24,784 |
| Cíos iníoctha | | 15,120 | 12,063 |
| Rátaí | | (408) | 500 |
| Árachas | | 32,923 | 38,368 |
| Solas agus teas | | 25,056 | 24,190 |
| Glantóireacht | | 22,320 | 15,441 |
| Deisiúcháin agus cothabháil | | 17,369 | 58,281 |
| Guthán | | 42,364 | 12,037 |
| Costais ríomhaireachta | | 119,399 | 168,657 |
| Costais comhdhálacha | | 2,954 | 5,095 |
| Taisteal agus cothabháil | | 8,813 | 1,282 |
| Conarthaí cothabhála | | 30,444 | 41,161 |
| Táillí dlí | | 20,656 | 40,283 |
| Comhairleacht agus gairmiúil | | 137,024 | 92,015 |
| Iniúchadh agus cuntasaíocht | | 48,144 | 51,904 |
| Seomraí cruinnithe ar cíos agus lónadóireacht | | 3,189 | 1,021 |
| Táillí bainc | | 8,474 | 8,057 |
| Costais ghinearálta | | 21,910 | 4,602 |
| Bainistíocht dramhaíola agus bruscar | | 2,356 | 5,592 |
| Pionóis agus fíneálacha | | 1,620 | 781 |
| Ballraíocht | | 11,929 | 9,774 |
| | | 2,152,388 | 1,915,277 |

**Nóta:** Ní chuimsíonn caiteachas tionscadail neamh-lárnach de €77,264 (2022: €12,984) tuarastail ar obair thionscadail neamh-lárnach de €16,650 (2022: €128,922) mar taispeántar é seo ar leithligh faoi phá agus tuarastail. Féach nóta 12 do thuilleadh sonraí.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 24. CAITEACHAS TIONSCADAL

| | Nóta | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|---|
| Crua-earraí/bogearraí tionscadail | | 366,610 | 184,751 |
| Taisteal | | 62,414 | 33,211 |
| Priontáil, postas agus stáiseanóireacht | | 109,923 | 40,035 |
| Suirbhé, riarachán agus tacaíocht theicniúil | | 221,439 | 141,870 |
| Gairmiúil agus comhairleacht | | 22,113 | 122,353 |
| Ballraíocht | | 170,798 | 193,244 |
| Éagsúil | | (2,177) | 47,959 |
| | | 951,120 | 763,423 |

## 25. CAITEACHAS TIONSCADAL NEAMH-LÁRNACH

| | Nóta | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|---|
| Taisteal | | 990 | 148 |
| Priontáil, postas agus stáiseanóireacht | | 2,426 | 4,798 |
| Suirbhé, riarachán agus tacaíocht theicniúil | | - | 4,569 |
| Comhdháil IEA | | 73,848 | 3,469 |
| | | 77,264 | 12,984 |
| Pá & tuarastail-obair thionscadal neamh-lárnach | **12** | 16,650 | 128,922 |
| | | 93,914 | 141,906 |

## 26. FOSTAITHE AGUS LUACH SAOTHAIR

**An líon fostaithe**

Is mar seo a bhí meánlíon na bhfostaithe (Baill Bhoird feidhmeannais san áireamh) i rith na bliana:

| | 2023<br>Líon | 2022<br>Líon |
|---|---|---|
| Foireann | 56 | 51 |

Áirítear i measc na gcostas foirne:

| | | |
|---|---|---|
| Pá agus Tuarastail | 2,832,785 | 2,585,898 |

San áireamh i dtuarastal pá agus tuarastail don bhliain tá €16,650 (2022: €128,922) do phá agus tuarastail ar thionscadail neamh-lárnacha.

**12. FOSTAITHE AGUS LUACH SAOTHAR (*ar lean*)**

Tá costais pinsin do 2023 agus íocaíochtaí AD san áireamh i bpá agus tuarastail.

Íocann OCBÁC pinsean dóibh siúd a chuaigh ar scor roimh 2021. Íocann an FTO pinsean dóibh siúd a théann ar scor tar éis 2021. Fuair an FTO a chéad maoiniú pinsin don RO i 2022.

Maidir le Scéim Pinsin an Choláiste Oideachais, asbhaintear luach ranníocaíochta an phinsin ó iarratas buiséid na Roinne Oideachais. Don scéim mhíosúil SPSS asbhaintear na ranníocaíochtaí agus eisítear iad don DPER.

Tá €46,906 (2021: €47,207) fabhraithe ag an bhForas Taighde ar Oideachas maidir le saoire pá do 2023.

Is iad sonraí faoi líon na bhfostaithe ar tháinig a sochar fostaí iomlán (gan costais phinsin fostóra san áireamh) don bhliain tuairiscithe laistigh de gach banda pá de € 10,000 ó € 60,000 nó níos mó:

| **Banda Pá €** | **An líon iomlán fostaithe a raibh a sochair don bhliain laistigh den bhanda pá** |
|---|---|
| | |
| 60,001 - 70,000 | 4 |
| 70,001 - 80,000 | 2 |
| 80,001 - 90,000 | 4 |
| 90,001 - 100,000 | 1 |
| 100,001 – 110,000 | 0 |
| 110,001 - 120,000 | 0 |
| 120,001 - 130,000 | 2 |

**27. LUACH SAOTHAR DO BHAILL AN BHOIRD**

Ní bhfuair aon bhall Boird táillí Boird i rith na bliana. Fuair Éamon Ó Muircheartaigh íocaíocht de €1,747 (2021: € 2,668 mar aon le costais dheimhnithe de €619 (2021: €1,486) as a chuid oibre ar thionscadal de chuid an FTO. Tá an íocaíocht seo go hiomlán ar leithligh óna chuid oibre mar bhall de Bhord Rialaithe an FTO

**Tuarastal agus Leasa an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin**

| | **2023 €** | **2022 €** |
|---|---|---|
| Tuarastal an POF Eatramhach | 113,940 | 44,376 |
| POF Nua | 21,496 | - |
| Iar-POF | - | 87,707 |
| | 135,436 | 132,083 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**13. LUACH SAOTHAR DO BHAILL AN BHOIRD *(ar lean)***

Réitíodh ceist an tsuim €843 a bhí dlite don iar-POF i mí na Nollag. Bhain an méid gan íoc seo le cur i bhfeidhm na gcoigeartuithe pá a bhí dlite an 2 Feabhra agus an 1 Deireadh Fómhair 2022. Ní bhfuarthas deimhniú ón Roinn Oideachais faoi thuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh go dtí R1 2023 agus níorbh fhéidir é seo a phróiseáil roimh imeacht an iar-POF.

Mar thoradh ar mhí-ríomh ASC ag an soláthraí párolla roimhe seo, áfach, bhí méid dlite don FTO. Ba é an difríocht idir an dá shuim ná €303 ach measadh go raibh na costais a bhain leis an gceartú ró-ard chun údar a thabhairt leis na hatháirimh. Dhún an FTO an t-ábhar seo agus níl aon ghníomhartha eile ag teastáil.

Fuair an POF Eatramhach íocaíocht de €2,410 (2022: €1,515) as costais dheimhnithe a bhain le taisteal náisiúnta agus idirnáisiúnta. I rith 2023, reáchtáladh 6 chruinniú Boird.

**Bhí an POF Eatramhach ina bhall de scéim pinsin COE agus ní raibh aon teidlíochtaí eile aige. Is ball é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nua de Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí aonair, agus níl aon teidlíochtaí breise eile aige.*

**14. COSTAIS PINSEAN – SOCHAR SHAINITHE**

Tá dhá scéim sochair shainithe ag an FTO; Scéim Pinsin na gColáistí Oideachais agus Scéim Chéilí agus Leanaí na gColáistí Oideachais agus an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (“SPSPS”). Déanann OCBÁC (agus Coláiste Phádraig sula ndearnadh é a chomhtháthú mar chuid de Choláiste Phádraig, OCBÁC) íocaíochtaí thar ceann an FTO le tairbhithe an Fhorais a bhaineann leis an dá scéim aoisliúntais sochair shainithe thar ceann na Roinne Oideachais.

Is é atá sa chéad scéim Scéim Pinsin na gColáistí Oideachais agus Scéim Chéilí agus Leanaí na gColáistí Oideachais ná scéim pinsin sochair shainithe a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a leantar ón airgead atá ar fáil uaithi, lena n-áirítear airgead a sholáthraíonn an Roinn Oideachais tríd an Údarás Ardoideachais agus ó ranníocaíochtaí a bhaintear as tuarastail foirne. Baintear na ranníocaíochtaí seo freisin ó dheontais a leithdháileann an Roinn Oideachais. Cuimsíonn na sochair ar scor pinsean bliantúil agus cnapshuim atá comhionann le suim na méideanna inchurtha i leith gach bliana féilire nó cuid de agus tá siad bunaithe ar an tuarastal deiridh.

Cuimsíonn sochair an chéile cnapshuim dhá oiread an Luach Saothair Inphinsin agus 50% de phinsean an bhaill as bás i seirbhís nó 50% de phinsean an chomhalta as bás mar iarchur agus bás tar éis scoir. D’íoc OCBÁC íocaíochtaí pinsin go deireadh 2020. Ní bhfuair OCBÁC aon mhaoiniú ó 2020 ar aghaidh chun pinsin FTO a íoc agus leanann OCBÁC ag íoc pinsinéirí FTO roimh 2021 óna cistí féin. In 2021 ghlac an FTO seilbh ar íocaíocht a bpinsean do dhaoine a chuaigh ar scor tar éis 2020. Níor chuir an Roinn Oideachais aon mhaoiniú ar fáil do na híocaíochtaí seo in 2021 agus íocadh iad seo as cúlchistí an FTO. Cuireadh maoiniú ar fáil do na pinsin a d’íoc an FTO don bhliain 2022. Tá baol go gcuirfidh DCU bille chuig an FTO as pinsin a íocadh go dtí seo nach bhfuair siad maoiniú ina leith. Aithníonn an FTO dliteanas pinsin iomlán gach iarfhoireann. Tá íocaíochtaí pinsin áirithe á n-urscaoileadh ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath faoi láthair ach leanann an FTO ag aithint an dliteanais.

**15. COSTAIS PINSEAN – SOCHAIR SHAINITHE (*ar lean*)**

Is é an dara scéim an Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") an scéim pinsin sochair shainithe do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó dá éis de réir an Achta um Pinsean Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. An scéim déantar foráil maidir le cnapshuim pinsin agus scoir bunaithe ar luach saothair inphinsin ar an meán gairme, agus ar phinsin chéile agus leanaí. Is í an aois íosta pinsin ná 66 bliana (ag ardú de réir athruithe aoise ar phinsean Stáit). Cuimsíonn sé saoráid luathscoir laghdaithe ó achtúire ó aois 55. Méadaíonn pinsin in íocaíocht de réir innéacs praghsanna na dtomhaltóirí.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuilleann fostaithe sa bhliain agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin foirne a chuirtear ar aghaidh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe do bhaill na Scéime Aonair agus a choinníonn an Roinn Oideachais i gcás na Scéim Pinsin an Choláiste. Aithnítear méid a fhreagraíonn don mhuirear pinsin mar ioncam sa mhéid go bhfuil sé inghnóthaithe agus fritháirithe ag deontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar thoimhde achtúireach agus ó bharrachais agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá inghnóthaithe ón Roinn Oideachais.

Léiríonn dliteanais phinsin luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin sa todhchaí a thuill an fhoireann go dtí seo. Léiríonn maoiniú iarchurtha pinsin an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le gnóthú i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Oideachais.

Rinne achtúire neamhspleách cáilithe an luacháil achtúireach iomlán ar an Scéim le héifeacht ó 31 Nollaig 2023 chun críocha cuntasaíochta. Is iad seo a leanas na príomh-bhoinn tuisceana a úsáideann an achtúire:

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| An ráta méaduithe ar thuarastail | 3.45% | 3.6% |
| Méaduithe pinsin ar íocaíocht | 3.4% | 3.6% |
| Ráta liúntais | 3.45% | 3.6% |
| Bonn tuisceana ar bhoilsciú | 2.4% | 2.6% |
| Méaduithe pinsin ar iarchur | 3.4% | 3.6% |
| Méadú ar phinsean stáit | 2.4% | 2.6% |

**16. COSTAIS PINSEAN – SOCHAIR SHAINITHE (*ar lean*)**

Tá imscrúduithe déanta le trí bliana anuas ar eispéireas básmhaireachta ar mhórscéimeanna an Fhorais. Bhí sé mar chonclúid ag na himscrúduithe go n-áiríonn na conclúidí reatha básmhaireachta liúntas leordhóthanach d'fheabhsúcháin todhchaí ar rátaí básmhaireachta. Is iad na hionchais saoil a mheastar ar scor ag aois 65 ná:

| | | |
|---|---|---|
| **Ag dul ar scor inniu** | | |
| Fireannaigh aois 65 ag dáta an chláir chomhardaithe | 22.2 | 22.1 |
| Baineannaigh aois 65 ag dáta an chláir chomhardaithe | 24.5 | 24.4 |
| **Ag dul ar scor i gceann 20 bliain** | | |
| Fireannaigh aois 65 i gceann 20 bliain | 24.4 | 24.3 |
| Baineannaigh aois 65 i gceann 20 bliain | 26.5 | 26.4 |

**14.1 Anailís ar an méid a ghearrtar ar Ráiteas Ioncaim**

| | **2023** **€** | **2022** **€** |
|---|---|---|
| Costas seirbhíse reatha | 516,000 | 845,000 |
| Glanchostas úis | 337,000 | 176,000 |
| Muirear oibriúcháin iomlán | 853,000 | 1,021,000 |
| Ranníocaíochtaí ó fhostaithe | (109,000) | (103,000) |
| Muirear ar Ráiteas Ioncaim | 744,000 | 918,000 |

| | **2023** **€** | **2022** **€** |
|---|---|---|
| **Anailís ar ghluaiseacht sa scéim le linn na bliana** | | |
| **Ag tús na bliana** | (8,952,000) | (12,871,000) |
| Gluaiseacht sa bhliain: | | |
| Costais seirbhíse reatha (glan ó ranníocaíochtaí fostaithe) | (407,000) | (742,000) |
| Sochair íoctha | 130,000 | 142,000 |
| Ranníocaíochtaí ó fhostaithe | (109,000) | (103,000) |
| Sochair achtúireach | 288,000 | 4,798,000 |
| Glan ús / (creidmheas) | (337,000) | (176,000) |
| **Ag deireadh na bliana –Luach reatha dliteanais na scéime** | (9,387,000) | (8,952,000) |
| Sócmhainn pinsin sa chlár comhardaithe | 9,387,000 | 8,952,000 |

**16. COSTAIS PINSEAN – SOCHAIR SAINITHE (*ar lean*)**

Is é an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha le haghaidh sochar scoir an 31 Nollaig 2023 ná €9.387m (2021: €8,952m).

Baineann €8.443m (2021: €8.032m) den tsócmhainn le Scéim na gColáistí Oideachais agus baineann €0.944m (2021: €0.919m) leis an Scéim Pinsin Aonair.

**Maoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir**
Seo a leanas mar a bhí an glanmhaoiniú iarchurtha do na sochar scoir a aithníodh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe:

| | **2023 €'000** | **2022 €'000** |
|---|---|---|
| Maoiniú inghnóthaithe i leith costais sochair scoir na bliana reatha | 853 | 1,021 |
| Sochair íoctha | (130) | (142) |
| | 723 | 879 |

Laghdaíodh figiúirí na bliana roimhe seo do ghlanmhaoiniú iarchurtha do phinsin agus do chostais shochair scoir faoi €21,000 ar aghaidh an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais chun gluaiseachtaí pinsin sa bhliain roimhe a cheartú. Is é glanéifeacht an choigeartaithe ar na ráitis airgeadais ná Nialas.

**Cineál agus méid na rioscaí a eascraíonn as ionstraimí airgeadais atá i seilbh na scéime sochair shainithe**

Tá an Scéim neamh-mhaoinithe agus gan aon infheistíochtaí aici.

**Stair na nOibleagáidí Sochair Iarchurtha**

| | **2023 €'000** | **2022 €'000** | **2021 €'000** |
|---|---|---|---|
| Oibleagáidí sochair iarchurtha | 9,387 | 8,952 | 12,871 |
| Maoiniú inghnóthaithe i leith costais sochair scoir na bliana reatha | 288 | 4,798 | 144 |
| Céatadán dliteanais scéime | 3.07% | 53.60% | 1.12% |

Tá an luacháil a úsáideadh do nochtuithe FRS102 bunaithe ar luacháil achtúireach an 31 Nollaig 2023 ag achtúire cáilithe agus riachtanais FRS102 á gcur san áireamh chun dliteanais na scéime a mheas ag an 31 Nollaig 2023.

Tá baill aonair na scéime san áireamh sa dliteanas pinsin ag 31 Nollaig 2023, chuir an ríomh achtúireach na teidlíochtaí éagsúla a bhaineann leis an scéim san áireamh

**15. RÉADMHAOIN, FEARAS AGUS TREALAMH**

| | Foirgnimh | Daingneáin, feistis agus trealamh | Trealamh ríomhaireachta | Obair ealaíne | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **Costas** | | | | | |
| Ag 1 Eanáir 2023 | - | 51,048 | 94,559 | 5,000 | 150,607 |
| Breiseanna | 450,000 | 14,121 | 27,432 | - | 491,553 |
| Diúscairtí | - | - | (633) | - | (633) |
| Ag 31 Nollaig 2023 | 450,000 | 65,169 | 121,358 | 5,000 | 641,527 |
| **Dímheas** | | | | | |
| Ag 1 Eanáir 2023 | - | 36,863 | 70,006 | - | 106,869 |
| Muirear na bliana | 13,500 | 5,980 | 13,227 | - | 32,707 |
| Ag éirí as diúscairtí | - | - | (633) | - | (633) |
| Ag 31 Nollaig 2023 | 13,500 | 42,843 | 82,600 | - | 138,943 |
| **Net book value** | | | | | |
| Ag 31 Nollaig 2023 | - | 14,185 | 24,553 | 5,000 | 43,738 |
| Ag 31 Nollaig 2023 | 436,500 | 22,326 | 38,758 | 5,000 | 502,584 |

Is le OCBÁC an foirgneamh atá á áitiú ag an bhForas Taighde ar Oideachas. Tá cead ag an FTO an foirgneamh a úsáid gan aon chostas. Leanadh den obair ar chomhaontú léasa le linn 2023 mar leanúint ar aghaidh ón gcomhaontú aistrithe a chuaigh in éag in 2019.

Ag eascairt óna aistriú ó Choláiste Phádraig go comhlacht neamhspleách in 2015, tá an FTO ag leanúint le haistriú úinéireachta ar fhoirgneamh na Roinne Tástála, atá ar Bhóthar Richmond, a ceannaíodh roimh an aistriú sa bhliain 1980 le cistí a bhailigh an Roinn Tástála trí dhíolacháin tástála.

Críochnaíodh tuarascáil luachála ar an bhfoirgneamh ar 09 Feabhra 2022 inar luacháladh an réadmhaoin ag €450,000.

Tar éis idirghníomhartha dearfacha le Bord Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, deimhníodh aistriú na sócmhainne in Aibreán 2023.

Dheimhnigh na Coimisinéirí Ioncaim don FTO freisin nach mbeadh sé faoi dhliteanas cánach (m.sh. dleacht stampa nó gnóthachain chaipitiúla) toisc go bhfuil an foirgneamh chun críocha carthanúla (beag beann ar easpa stádas Carthanachta an FTO). Beidh aon diúscairt ar fhoirgneamh na Roinne Tástála sa todhchaí ag brath ar na fáltais a bheith á n-úsáid chun críocha oideachais amháin agus ar fhaomhadh ó Iontaobhas Deoise Naomh Lorcáin Ó Tuathail.

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**26. RÉADMHAOIN, FEARAS AGUS TREALAMH *(ar lean)***

Baineann saothar ealaíne le pictiúir a fágadh san Fhoras mar chuid d'oidhreacht. Nís siad ag dímheas faoi láthair toisc go meastar gurb ionann a luach iarmharach agus an costas reatha ag a gcoinnítear iad.

**27. STOIC**

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Earraí críochnaithe agus earraí le hathdíol | 261,767 | 307,746 |

Ní raibh difríocht shuntasach idir costas athsholáthair stoic agus na figiúirí a léiríodh.

**28. INFHÁLTAIS**

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Infháltais trádála | 126,980 | 272,466 |
| Infháltais eile | 2,954 | 3,328 |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | 180,123 | 152,790 |
| | 310,057 | 428,584 |

**16. INÍOCTHA**
**Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain**

| | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Iníoctha trádála | 44,220 | 14,826 |
| ÍMAT/ASPC | 77,302 | 79,631 |
| CISG | 408 | 358 |
| Fabhraithe | 152,082 | 198,914 |
| | 274,012 | 293,729 |

**17. TIOMANTAIS CHAIPITIÚLA**

Ní raibh aon ghealltanais chaipitiúla ábhartha ag an eintiteas ag deireadh na bliana 31 Nollaig 2023.

**29. IDIRBHEARTA PÁIRTÍ GAOLMHARA**

Is é phríomhphearsanra bainistíochta ag an Foras Taighde Oideachais ná an POF. B'ionann luach saothair iomlán POF agus €135,436 (2021: €132,083). Roinneadh é seo idir an POF eatramhach don tréimhse 1 Eanáir go 6 Samhain 2023 (€113,940 (2022 €44,376) agus an POF a bhí ag teacht isteach don tréimhse 6 Samhain 2023 go 31 Nollaig 2023 21,496.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**30. IMEACHTAÍ I nDIAIDH DHEIREADH NA TRÉIMHSE TUAIRISCITHE**

Ní raibh aon imeachtaí suntasacha tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe.

**31. CÚLCHISTE CAIPITIL**

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| Cúlchiste caipitil | 450,000 | - |

Tar éisa aistriú ó Choláiste Phádraig go comhlacht neamhspleách in 2015, tá an FTO ag leanúint le haistriú úinéireachta foirgneamh na Roinne Tástála, atá suite ag 66 Bóthar Richmond, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 3, D03 E702. Ceannaíodh an foirgneamh roimh an aistriú le cistí a bhailigh an FTO trí dhíolacháin tástála. Tugadh aistriú na húinéireachta chun críche i mí Aibreáin 2023.

**32. AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGEAD TIRIM**

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna airgid agus bainc | 2,976,334 | 2,540,318 |

**33. COMPARÁIDÍ NA BLIANA ROIMHE**

Laghdaíodh figiúirí na bliana roimhe seo do ghlanmhaoiniú iarchurtha do phinsin agus do chostais shochair scoir faoi €21,000 i gcoinne an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais chun gluaiseachtaí pinsin sa bhliain roimhe a cheartú. Is é glanéifeacht an choigeartaithe ar na ráitis airgeadais ná Nialas.

**34. FAOMHADH DO RÁITIS AIRGEADAIS**

Rinne an Bord na ráitis airgeadais a fhaomhadh an 25 Meitheamh 2024 agus síníodh iad do agus thar ceann:

**An Dochtúir John Regan**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**26 Meitheamh 2024**

**Éamonn Ó Muircheartaigh**
**Cathaoirleach**